# An méid atá ar EUR-Lex

Ar EUR-Lex is féidir leat rochtain a fháil ar reachtaíocht an Aontais, ar an gcásdlí agus ar dhoiciméid dlí eile a thagann ó institiúidí an Aontais den chuid is mó ach freisin ó Bhallstáit an Aontais, ó institiúidí Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), etc., lena n-áirítear:

- Conarthaí
- Gníomhartha dlí ó institiúidí an Aontais Eorpaigh
- Doiciméid ullmhúcháin a bhaineann le reachtaíocht an Aontais
- Cásdlí an Aontais
- Comhaontuithe idirnáisiúnta
- Doiciméid CSTE
- Tagairtí do bhearta náisiúnta trasuite agus téacsanna na mbeart náisiúnta trasuite i gcás na mBallstát a d’aontaigh lena soláthar.
- Tagairtí don chásdlí náisiúnta a bhaineann le dlí an Aontais.

Is ar EUR-Lex a fhoilsítear an leagan barántúil d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
Tá an méid seo a leanas le fáil ann freisin:

- Príomhchéimeanna na nósanna imeachta as a n-eascraíonn glacadh gníomhartha dlí
- Téacsanna comhdhlúite ina bhfuil na gníomhartha dlí tosaigh agus a leasuithe go léir bailithe le chéile i ndoiciméid aonair
- Breis agus 2,000 achoimre ar reachtaíocht an Aontais ina mínítear reachtaíocht an Aontais ar bhealach simplí soléite gonta.

Ó thús an ochtú téarma parlaiminte (25 Bealtaine 2014), ní fhoilsítear ceisteanna parlaiminte a thuilleadh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ná ar EUR-Lex. Foilsítear anois iad ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa .
Forbhreathnú mionsonraithe ar na cineálacha doiciméad atá ar fáil ar EUR-Lex
Déantar EUR-Lex a nuashonrú gach lá nuair a fhoilsítear an Iris Oifigiúil, doiciméid aonair a fhoilsítear san Iris Oifigiúil, doiciméid nó nósanna imeachta eile, cásdlí agus faisnéis dhlíthiúil agus bhibleagrafach (meiteashonraí).

Is mar PDF, atá **ríomhshínithe**, a fhoilsítear an leagan leictreonach barántúil den Iris Oifigiúil. Tá an leagan HTML ar fáil freisin chun críocha faisnéise ach níl sé barántúil.
Gach doiciméad a fhoilsítear san Iris Oifigiúil, déantar é a phróiseáil lena fhoilsiú ar EUR-Lex. Ar lá a fhoilsithe, níl ach na tagairtí teidil agus foilseacháin ar fáil leis an ngníomh aonair. Foilsítear **an fhaisnéis iomlán dhlíthiúil agus bhibleagrafach** laistigh de 2 lá oibre. Is é sin an fáth a mbíonn aga beag moille ann idir an Iris Oifigiúil féin a bheith ar fáil agus an cumas gníomhartha aonair a aimsiú ina dhiaidh sin.
Maidir le doiciméid eile, athraíonn minicíocht na nuashonruithe ó dhoiciméad go chéile mar is ó fhoinsí institiúideacha éagsúla a thagann siad. Mar shampla, is go seachtainiúil a dhéantar na bearta náisiúnta trasuite a nuashonrú.

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Na teangacha atá ar fáil

Tá comhéadan an tsuímh gréasáin ar fáil i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh.
I gcás doiciméad, tá na teangacha atá ar fáil ag brath ar na teangacha oifigiúla den Aontas a bhí ann nuair a glacadh na doiciméid.
Is é sin an fáth a bhfuil níos mó doiciméad ar fáil sna 4 theanga oifigiúla de chuid Bhallstáit bhunaidh an Aontais: an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Ollainnis.
Na doiciméid is sine atá ar EUR-Lex go háirithe, níl siad sin ar fáil sna teangacha a ndearnadh teangacha oifigiúla díobh nuair a tháinig tíortha isteach san Aontas Eorpach tráth níos déanaí: an Béarla agus an Danmhairgis (1973); an Ghréigis (1981); an Spáinnis agus an Phortaingéilis (1986); an Fhionlainnis agus an tSualainnis (1995); an Eastóinis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Pholainnis, an tSeicis, an tSlóvaicis, an tSlóivéinis agus an Ungáiris (2004); an Bhulgáiris agus an Rómáinis (2007); agus an Chróitis (2013).
Mar sin féin, nuair a thagann tír isteach san Aontas, déantar an reachtaíocht de chuid an Aontais atá i bhfeidhm ag an am a aistriú go teanga oifigiúil na tíre agus tiomsaítear í in ‘Eagráin Speisialta Iris Oifigiúil an Aontais’.

## Doiciméid i nGaeilge

Ag brath ar an gcineál doiciméid agus ar bhliain a fhoilsithe, níl gach doiciméad ar fáil i nGaeilge ar EUR-Lex.
Seo a leanas na gníomhartha dlí atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair:

- an **phríomhreachtaíocht** a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach,
- conarthaí áirithe.

Rinneadh teanga oifigiúil iomlán de chuid an Aontais den Ghaeilge an 1 Eanáir 2007. De bharr cúiseanna praiticiúla agus ar bhonn idirthréimhseach, áfach, tugadh díolúine d’institiúidí an Aontais ón oibleagáid na gníomhartha uile a dhréachtú i nGaeilge nó a aistriú go Gaeilge. Tugadh isteach an maolú sealadach sin ar feadh tréimhse in-athnuaite 5 bliana.

Luadh i Rialacháin (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2005, 'ní bheidh de cheangal ar institiúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir a dhréachtú as Gaeilge agus iad a fhoilsiú sa teanga sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh', seachas na rialacháin a ghlacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach.
Cuireadh síneadh leis an maolú faoi dhó, agus laghdaíodh an raon feidhme de réir a chéile gach uair:

- go dtí an 31 Nollaig 2016 le Rialachán (AE) Uimh. 1257/2010 ón gComhairle
- go dtí an 31 Nollaig 2021 le Rialachán (AE, Euratom) 2015/2264 ón gComhairle.

# Uimhriú na ngníomhartha

Tá éagsúlacht in uimhriú na ngníomhartha de réir chineál an ghnímh agus bliain a fhoilsithe.

## Gníomhartha shraith L den Iris Oifigiúil

Cé is moite de chomhaontuithe idirnáisiúnta agus ceartúcháin, tugtar uimhir do gach gníomh agus do gach téacs eile. Uimhir ar leith is ea í agus tá sí ina cuid den teideal nó cuirtear ag deireadh an teidil í idir lúibíní cearnacha. Léiríonn sí freisin uimhir na hIrise Oifigiúla ina bhfoilsítear an gníomh nó téacs eile.
Tá trí chuid i gceist le huimhir an ghnímh.

- Giorrúchán a sheasann don réimse agus é idir lúibíní

| Giorrúchán | Cur síos |
|---|---|
| **(AE)** | An tAontas Eorpach |
| **Euratom** | An Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach |
| **(AE, Euratom)** | An tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach |
| **(CBES)** | comhbheartas eachtrach agus slándála |

- Bliain a fhoilsithe: ceithre dhigit
- Uimhir sheicheamhach: Is ar sheicheamh bliantúil atá an uimhir sin bunaithe, agus tá a oiread digití inti agus is gá.

NB: I gcás gníomhartha áirithe, ní bhíonn réimse san áireamh san uimhir a chuireann Oifig na bhFoilseachán ar fáil agus cuirtear an uimhir idir lúibíní cearnacha i ndeireadh an teidil. Ní mheastar gur cuid den teideal an uimhir sin agus ní luaitear í sna tagairtí don ghníomh atá i gceist.

Féach an Treoir Stíle Idirinstitiúideach chun tuilleadh eolais a fháil faoi uimhriú na ngníomhartha a foilsíodh i sraith L le himeacht ama, uimhriú dúbailte, gníomhartha gan uimhriú agus téacsanna eile, etc.

## Doiciméid shraith C den Iris Oifigiúil

Cé is moite de cheartúcháin, sanntar uimhir fógra do dhoiciméid a fhoilsítear i sraith C, arb é atá inti:

- an litir ‘C’, a fhreagraíonn do shraith C;
- bliain an fhoilsithe ina ceithre dhigit;
- an uimhir sheicheamhach, í bunaithe ar sheicheamh bliantúil agus a bhfuil a oiread digití agus is gá inti.

Is ionann an uimhir fógra agus uimhir na hIrise Oifigiúla atá le feiceáil i gceanntásc na hIrise Oifigiúla.
Féach an Treoir Stíle Idirinstitiúideach chun tuilleadh eolais a fháil faoi uimhriú na ndoiciméad a foilsíodh i sraith C le himeacht ama, uimhriú speisialta, gníomhartha gan uimhriú agus téacsanna eile, etc.

# ECLI - Sainaitheantóir Cásdlí Eorpach

Is sainaitheantóir aonfhoirmeach é ECLI a chuireann ar do chumas cinntí breithiúnacha a shainaithint ar bhealach níos éasca. Déanann sé níos éasca é freisin cásdlí an Aontais agus an cásdlí náisiúnta a rochtain, a chuardach, a shainaithint, a lua agus a nascadh.
Tá cúig chuid sa sainaitheantóir, a leagtar amach san ord seo a leanas agus idirstad idir gach ceann acu:

1. An Giorrúchán 'ECLI'
2. Cód tíre (2 charachtar)
3. Cód cúirte (1-7 gcarachtar)
4. Bliain an chinnidh (4 dhigit)
5. Sainuimhir uathúil (25 charachtar ar a mhéad, is féidir poncanna a úsáid)

**Samplaí** (Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh):

| ECLI | Doiciméad |
|---|---|
| ECLI:EU:C:1998:27 | an 27ú cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais in 1998 |
| ECLI:EU:F:2010:80 | an 80ú cinneadh ó Bhinse na Seirbhíse Sibhialta in 2010 |
| ECLI:EU:T:2012:426 | an 426ú cinneadh ón gCúirt Ghinearálta in 2012 |

Is é atá sa 5ú cuid de ECLI Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh uimhir sheicheamhach a dhéantar a atosú gach bliain agus a bhaineann go sonrach le cúirt ar leith (an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Ghinearálta, Binse na Seirbhíse Sibhialta). Ní hionann é agus an uimhir CELEX.

Tugadh isteach ECLI de thoradh ar Chonclúidí 2011/C 127/01 ón gComhairle.
Le hinneall cuardaigh ECLI ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas is féidir leat cinntí /breithiúnais dlí a chuardach le ECLI.
Tuilleadh eolais faoi ECLI

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# ELI - an tAitheantóir Reachtaíochta Eorpach

Is éard atá san Aitheantóir Reachtaíochta Eorpach (ELI) ná córas le reachtaíocht a chur ar fáil ar líne i bhformáid chaighdeánaithe sa chaoi is gur féidir rochtain a fháil uirthi agus í a mhalartú agus a athúsáid thar theorainneacha.

Úsáideann ELI URIanna (Aitheantóirí Aonfhoirmeach Acmhainne) HTTP ar féidir le daoine agus ríomhairí araon iad a léamh. Soláthraíonn siad tacar eilimintí meiteashonraí freisin chun tuairisc a thabhairt ar an reachtaíocht agus tá teanga shonrach iontu lenar féidir reachtaíocht a mhalartú i bhformáid mheaisín-inléite.

Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, sanntar ELInna do réimse leathan reachtaíochta a fhoilsítear i sraith L (rialacháin, treoracha, cinntí) d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus do ghníomhartha comhdhlúite.

Ó do chuntas pearsanta nó faoi 'An t-eolas atá léirithe a chur in oiriúint', is féidir leat do shainroghanna a shocrú ionas go dtaispeánfar an ELI sna torthaí. Is ar leathanach an doiciméid a thaispeántar é i gcónaí.

Tá roinnt córais foilsithe reachtaíochta náisiúnta ann a úsáideann ELInna chomh maith (féach an liosta). Cuirtear i bhfeidhm iad ar bhonn deonach.

### Samplaí

Seo an cineál struchtúir is simplí a bhíonn ag ELI:

**http://data.europa.eu/eli/AnCineálDoiciméad/BliainAGhlactha/UimhirAnDoiciméid/oj**

ELI Chinneadh 2009/496/CE: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/496/oj

Tá raon feidhme ELI á leathnú de réir a chéile chun foranna gníomhartha (brollaigh, breithnithe, airteagail, etc.) a chumhdach. Is é seo a leanas ELI Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1241: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2019/1241/art_2/oj

Tá tuilleadh eolais faoi chur chun feidhme ELI ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais le fáil ar leathanaigh chlár ELI agus san achoimre ar chonclúidí na Comhairle maidir le ELI a thabhairt isteach.

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Uimhreacha CELEX

Is é is uimhir CELEX ann aitheantóir uathúil a shanntar do dhoiciméad. Tá sí neamhspleách ar theanga an doiciméid. Sanntar uimhir CELEX d'fhormhór na ndoiciméad in EUR-Lex.
Tá codanna éagsúla in uimhir CELEX, codanna a athraíonn de réir an chineáil doiciméid atá i gceist. Bíonn na 4 chuid seo a leanas le fáil san fhormáid is coitianta: Earnáil – Bliain – Cineál an doiciméid – Uimhir an doiciméid.
Mar shampla, is é 32000L0060 an uimhir CELEX atá ag Creat-Treoir Uisce an Aontais. Tá 4 chuid san uimhir sin:

- earnáil: 3 (do ghníomhartha dlí)
- bliain: 2000
- cineál an doiciméid: L (do Threoracha)
- uimhir an doiciméid: 0060.

Má chuireann tú an cúrsóir os cionn uimhir CELEX ar EUR-Lex beidh tú in ann teideal iomlán an doiciméid a fheiceáil.

## Earnáil

**Baineann gach doiciméad in EUR-Lex le ceann amháin de 12 earnáil.**

1. Conarthaí
2. Comhaontuithe idirnáisiúnta
3. Gníomhartha dlí
4. Reachtaíocht fhorlíontach
5. Doiciméid ullmhúcháin
6. Cásdlí an Aontais
7. Trasuí náisiúnta
8. Tagairtí do chásdlí náisiúnta a bhaineann le dlí an Aontais

9. Ceisteanna parlaiminteacha

0. Téacsanna comhdhlúite

C. Doiciméid eile a foilsíodh i sraith C den Iris Oifigiúil

E. Doiciméid CSTE

## Bliain

Is iondúil go léiríonn an bhliain an uair a glacadh an doiciméad.

## Cineál an doiciméid

Tá **tuairisceoir** ann do gach cineál doiciméid. Bíonn 1 nó 2 litir sa tuairisceoir sin.
Seo a leanas roinnt tuairisceoirí coitianta:

**Earnáil 3 – Gníomhartha dlí**

**L** do Threoracha

**R** do Rialacháin

**D** do Chinntí

**Earnáil 5 – Doiciméid ullmhúcháin**

**PC** do Thograí reachtacha ón gCoimisiún (doiciméid COM), etc.

**DC** do dhoiciméid COM eile (páipéir bhána agus uaine, teachtaireachtaí, tuarascálacha, etc.)

**SC** do dhoiciméid SWD (doiciméid inmheánacha oibre, measúnuithe tionchair, etc.)

**JC** do dhoiciméid JOIN (doiciméid a ghlac an Coimisiún agus an tArdionadaí go comhpháirteach)

**Earnáil 6 – Cásdlí an Aontais**

**CJ** do Bhreithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais

**CC** do Thuairimí ón Abhcóide Ginearálta

**CO** d'Orduithe ón gCúirt Bhreithiúnais

Liosta iomlán na dtuairisceoirí

## Uimhir an doiciméid

4 dhigit is críoch d'fhormhór na n-uimhreacha CELEX. Cuireann na digití sin cineálacha éagsúla faisnéise in iúl, mar shampla:

- **Uimhir oifigiúil** - e.g. 32017R**2394**: uimhir sheicheamhach a thugtar don doiciméad tráth a fhoilsithe san Iris Oifigiúil. Is í Oifig na bhFoilseachán a shannann í.

- **Uimhir inmheánach** - e.g. 52018PC**0033**: is é údar an doiciméid a shannann an uimhir seo, an Coimisiún (PC) sa chás áirithe seo.
- **Dáta an fhoilsithe** - e.g. 32012A**0424(01)**: mí agus lá an fhoilsithe san Iris Oifigiúil. Bíonn uimhir sheicheamhach idir lúibíní ar a lorg, ar an ábhar go bhféadfadh sé gur foilsíodh uimhreacha CELEX cosúil léi an lá céanna.

## Samplaí de réir earnála

- Conarthaí (earnáil 1)

  Bíonn **3 dhigit** nó cód litreacha ar lorg an tuairisceora. Is **uimhir airteagail sa Chonradh** a chuireann siad in iúl.
  Mar shampla: Is é **11957E086** an uimhir d'**Airteagal 86** de Chonradh CEE (1957).
  Maidir le **leaganacha comhdhlúite de na Conarthaí**, is de réir **bhliain a gcomhdhlúthaithe** a léirítear iad.
  **Mar shampla: An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:**

  12016E – an clár ábhar, leagan comhdhlúite 2016

  12016E/TXT – leagan comhdhlúite 2016

  12016E003 – Airteagal 3, leagan comhdhlúite 2016.

- Comhaontuithe idirnáisiúnta (earnáil 2)

  Is le **dáta an fhoilsithe** a aithnítear comhaontuithe idirnáisiúnta.
  Mar shampla: Is ar an 30 Nollaig 2006 a foilsíodh comhaontú idirnáisiúnta 22006A1230 (03) san Iris Oifigiúil.
  Má fhoilsítear roinnt comhaontuithe an lá céanna, ní athraítear ach an uimhir idir lúibíní: e. g. 22006A1230 **(01)**.

- Cásdlí (earnáil 6)

  An **bhliain** a luaitear, sin an bhliain **a iontráladh an cás i gclár na Cúirte**.
  Is ar an g**cás-uimhir** arna heisiúint ag an gCúirt Bhreithiúnais a bhunaítear uimhir an doiciméid.
  Mar shampla: Baineann 6 **2004** TJ0 **201** leis an mbreithiúnas sa **201ú** cás a iontráladh sa chlár in **2004**. Is é T-201/04 an chás-uimhir.

- Bearta náisiúnta trasuite (earnáil 7)

  Is ionann na chéad 10 gcarachtar agus na cinn atá in uimhir CELEX an ghnímh thrasuite, seachas an chéad charachtar, a léiríonn an earnáil CELEX: 3 (‘Gníomhartha dlí’) agus cuirtear 7 (‘Trasuí náisiúnta’) ina ionad. Na 9 gcarachtar ina dhiaidh sin, léiríonn siad bliain, cineál agus uimhir uathúil an ghnímh thrasuite.

Tar éis na chéad 10 gcarachtar, léiríonn an cód tíre 3 litir an Ballstát arb é údar an bhirt náisiúnta trasuite é.
Ag deireadh na huimhreach CELEX, is é atá san uimhir a leanann an fhostríoc an t-aitheantóir uathúil ó bhunachar sonraí Ardrúnaíocht an Choimisiúin. Tá 2 chineál den aitheantóir sin ann, agus baineann réimír bliana leis an gcineál is úire.

**Samplaí:**

72018L2002POL_285543

72013L0032AUT_202103576

Aitheantóirí a bhfuil réiltín leo, ní úsáidtear iad ach amháin chun críocha taispeána, nuair a chuirtear níos mó ná gníomh dlíthiúil amháin chun feidhme leis an aon bheart trasuite uathúil amháin. Ní fíoruimhreacha CELEX iad. Cuirtear an réiltín in ionad na coda den aitheantóra a fuarthas ó na gníomhartha trasuite.
Mar shampla: Taispeántar 7*EST_202103476 le haghaidh beart lenar trasuíodh 2 threoir. Tá 2 uimhir CELEX éagsúla luaite leis an mbeart sin: 72013L0034EST_202103476 agus 72014L0095EST_202103476

- Ceartúcháin

Is ionann uimhir na gceartúchán agus uimhir an doiciméid atá á cheartú leo, ach amháin go gcuirtear **R(xx)** le deireadh na huimhreach (is d'uimhir an cheartúcháin a sheasann xx).
Mar shampla: Is é 32009L0164R(**01**) an chéad cheartúchán ar Threoir **32009L0164**.
D'fhéadfadh leagan teanga amháin nó níos mó den doiciméad, nó na leaganacha teanga ar fad de, a bheith i gceist le ceartúchán.

- Téacsanna comhdhlúite (earnáil 0)

Is ionann uimhir na dtéacsanna comhdhlúite agus uimhir an bhunghnímh, ach amháin gurb é **'0'** uimhir na hearnála.
Ar a lorg cuirtear **dáta chur chun feidhme an leasaithe is déanaí a rinneadh ar an ngníomh**.
Mar shampla: 02009L0156-**20161018**
Tuilleadh eolais faoi théacsanna comhdhlúite

Tuilleadh cabhrach uait?
Conas a chuirtear uimhreacha CELEX le chéile (ar fáil i mBéarla amháin)
Grafaicí faisnéise faoi uimhreacha CELEX (ar fáil i mBéarla amháin)

an tAontas Eorpach

# EUR-Lex

Rochtain ar dhlí an Aontais Eorpaigh

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Eolairí dhlí an Aontais

Is uirlisí aicmithe uimhriúil iad eolairí dhlí an Aontais a thugann rochtain ar dhlí an Aontais de réir ábhair. Tá siad ar fáil dóibh seo a leanas:

- Gníomhartha dlí
- Comhaontuithe idirnáisiúnta
- Doiciméid ullmhúcháin

Tá eolairí dhlí an Aontais roinnte ina 20 príomhchaibidil a chumhdaíonn réimsí sonracha de ghníomhaíocht an Aontais agus tá siad foroinnte ina bhfochaibidlí éagsúla.
Is é atá sna huimhreacha gorma líon na ngníomhartha atá ar fáil do gach caibidil nó fochaibidil. Cliceáil ar uimhir chun teacht ar liosta torthaí leis na gníomhartha sonracha ábhartha go léir.

- 03 Agriculture 3565
  - 03.05 General 297
  - 03.07 Statistics 71
  - 03.10 Basic provisions 108
  - 03.20 Agricultural structural funds 200
    - 03.20.10 General 32
    - 03.20.20 European Agricultural Guarantee Fund 76
    - 03.20.30 European Agricultural Fund for Rural Development 61
    - 03.20.40 European Agricultural Guidance and Guarantee Fund (EAGGF) 72
      - 03.20.40.10 EAGGF (Guidance Section) 52
      - 03.20.40.20 EAGGF (Guarantee Section) 14
  - 03.30 Agricultural structures 172
  - 03.40 Monetary measures 39
  - 03.50 Approximation of laws and health measures 2217
  - 03.60 Products subject to market organisation 595
  - 03.70 Products not subject to market organisation 15
  - 03.80 Agreements with non-member countries 79

an tAontas
Eorpach

EUR-Lex

Rochtain ar dhlí an Aontais Eorpaigh

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Eolaire cásdlí

Is uirlis aicmiúcháin uimhriúil é an t-eolaire cásdlí a thugann rochtain duit ar bhreithiúnais agus ar orduithe ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Ghinearálta agus ó Bhinse na Seirbhíse Sibhialta de réir ábhair.

I bhfianaise na n-athruithe a tháinig isteach faoi Chonradh Liospóin, rinneadh athrú ar an scéim aicmiúcháin a bhí in úsáid le hanailís a dhéanamh ar chásdlí ó 1954 go 2009.

Tá an scéim nua i bhfeidhm maidir le cásdlí ó 2010 i leith. Tá 9 bpríomhchaibidil ann, atá roinnte arís ina bhfochaibidlí éagsúla.

Mar réamhshocrú taispeánann EUR-Lex an scéim aicmiúcháin reatha. Dá mba mhian leat úsáid a bhaint as an scéim a bhí i bhfeidhm go dtí 2009, cliceáil ar **Téigh go dtí an scéim aicmiúcháin roimh Chonradh Liospóin (2009)**.


Is é atá sna huimhreacha gorma líon na ngníomhartha atá ar fáil do gach caibidil nó fochaibidil. Cliceáil ar uimhir chun teacht ar liosta torthaí leis na gníomhartha sonracha ábhartha go léir.

- 1 The legal order of the European Union 1676
  - 1.01 Sources of EU law 600
    - 1.01.00 General 2
    - 1.01.01 Primary law and secondary legislation 0
    - 1.01.02 General principles of law 598
      - 1.01.02.00 General 24
      - 1.01.02.01 Principle of equality and non-discrimination 124
      - 1.01.02.02 Vested rights 2
      - 1.01.02.03 Principle of the protection of legitimate expectations 183
      - 1.01.02.04 Legal certainty 94
      - 1.01.02.05 Rights of the defence and procedural guarantees 217
      - 1.01.02.06 Principle of proportionality 135
      - 1.01.02.07 Necessity 1
      - 1.01.02.08 Legitimate self-protection 0
      - 1.01.02.09 Force majeure 9
      - 1.01.02.10 Prohibition of unjust enrichment of the European Union 7
      - 1.01.02.11 Precautionary principle 11
  - 1.02 Values and objectives of the European Union 7
  - 1.03 Respective powers and obligations of the European Union and of the Member States 79
  - 1.04 Fundamental rights 897

# Gnéithe turgnamhacha

Cuireann EUR-Lex ar do chumas duit triail a bhaint as gnéithe nua agus aiseolas a thabhairt sula ndéanfar gnéithe caighdeánacha díobh d'úsáideoirí uile EUR-Lex.
Chun ceann de na gnéithe seo a ghníomhachtú:

- cuir tic sa bhosca bán in aice leis an gcnaipe 'gnéithe turgnamhacha' ag barr an leathanaigh
- cliceáil ar an gcnaipe 'gnéithe turgnamhacha'
- roghnaigh na gnéithe is mian leat a chumasú
- cliceáil ar 'Gníomhachtaigh na gnéithe roghnaithe'.




Léiríonn deilbhín ar leith go bhfuil gné thurgnamhach gníomhach ar do leathanach. Má chuireann tú an cúrsóir os cionn an deilbhín sin, is féidir leat cur síos gairid a léamh faoin ngné.
Faigh tuilleadh eolais thíos faoi na gnéithe turgnamhacha atá ar fáil faoi láthair.

Is éard is nascadh domhain ann gné trínar féidir naisc a thaispeáint chuig gníomhartha dlí eile dá dtagraítear i ndoiciméid EUR-Lex.

*Article 1*

**Extension of the term of Community plant variety rights**

1. The term of the Community plant variety rights, as provided for in Article 19(1) of Regulation (EC) No 2100/94, shall, for varieties of the species *Asparagus officinalis* L. and of the species groups flower bulbs, woody small fruits and woody ornamentals, be extended by five years.

2. Paragraph 1 of this Article is without prejudice to Article 116(4), fourth indent, of Regulation (EC) No 2100/94.

Le linn na chéad chéime, ní féidir naisc a chumasú ach i gcáipéisí nach mó ná 900 KB iad.

Is le haghaidh gníomhartha dlí amháin atá an ghné sin le fáil faoi láthair.
Is féidir leat na caidrimh ar fad a fheiceáil idir an gníomh agus na doiciméid a bhaineann leis ar an toirt.
Ar an leathanach **Faisnéis faoin doiciméad**, cliceáil ar **Léirigh an graf caidrimh**.
Léirítear an gníomh tríd an nód lárnach, agus léirítear na doiciméid a bhaineann leis tríd na nóid atá thart timpeall air. Doiciméid den sórt céanna (leasuithe, gníomhartha tarmligthe, leaganacha comhdhlúite…), léirítear iad trí nóid atá ar aon dath.
Nóid a bhfuil an t-íocón '+' leo, léiríonn siad sin go bhfuil breis fochatagóirí doiciméad ar fáil.
Nóid a bhfuil an t-íocón 'comhad' leo, léiríonn siad sin na doiciméid. Cliceáil orthu chun dul chuig leathanaigh na ndoiciméad lena mbaineann. Nuair a chuireann tú an cúrsóir os cionn na nód sin, tagann uimhreacha CELEX na ndoiciméad aníos. Más nós imeachta a léirítear tríd an nód, taispeántar íocón sonrach.
Is féidir catagóirí éagsúla doiciméad a thaispeáint tríd an tábla scagtha.

Is le haghaidh na nasc chuig conarthaí agus cásdlí amháin atá an ghné sin le fáil faoi láthair, agus is i mBéarla atá sé le fáil ar an gcéad dul síos.
De ghnáth is uimhreacha inchliceáilte CELEX atá sna naisc chuig doiciméid. Chun go mbeidh níos mó céille leis na naisc sin, táimid ag cur gnáth-théacs ina n-ionad de réir a chéile.
Mar shampla: Léireofar nasc chuig an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar **CFAE (2016)** seachas mar **12016E043**.

# Conas cuardach a dhéanamh

Is féidir EUR-Lex a chuardach ar bhealaí éagsúla, ag brath ar an méid atá uait agus ar na sainchritéir atá agat.

## Cuardach tapa

- Le haghaidh cuardaigh ghinearálta.
- Clóscríobh eochairfhocail nó uimhreacha isteach i réimse saortheács chun teacht ar dhoiciméid agus nósanna imeachta.
- Ar fáil ar gach leathanach de chuid EUR-Lex.

Tuilleadh eolais faoin gCuardach tapa

## Cuardach casta

- Le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe a bhfuil roinnt critéar iontu.
- Tá foirmeacha réamhshainithe dinimiciúla ann chun cuardach casta a dhéanamh i ngach bailiúchán (e.g. gníomhartha dlí, cásdlí). Nuair a bheidh an bailiúchán cuí roghnaithe agat, ní thaispeánfar ach na critéir chuardaigh ábhartha.
- Is féidir leat cuardach a dhéanamh i níos mó ná bailiúchán amháin ag an am céanna freisin.
- Tá teacht ar an gcuardach casta ar gach leathanach de chuid EUR-Lex.


Tuilleadh eolais faoin gCuardach casta

## Sainchuardach

- Le haghaidh cuardaigh chasta an-sonrach arb iad sainúsáideoirí a dhéanann iad de ghnáth.


- Is gá duit do cheist chuardaigh féin a chur le chéile le hoibreoirí Boolean trí úsáid a bhaint as na meiteashonraí atá ar fáil.
- Chun úsáid a bhaint as an sainchuardach is gá duit do chuntas EUR-Lex féin a bheith agat agus logáil isteach leis.
- Nuair a bheidh tú logáilte isteach beidh tú in ann sainchuardach a dhéanamh ar leathanach ar bith de chuid EUR-Lex.

Tuilleadh eolais faoin Sainchuardach





## Cuardach a dhéanamh de réir uimhir an doiciméid

- Moltar seo do dhaoine ar eol dóibh tagairtí an doiciméid atá á lorg acu.
- Is féidir leat doiciméad a aimsiú ach an bhliain, an uimhir agus an cineál a chur isteach. Ní bhfaighidh tú ach torthaí a bhaineann leis an doiciméad sin, mar aon leis na ceartúcháin atá gabháil leis, más ann dóibh.
- Níl teacht air ach amháin ar leathanach baile EUR-Lex.




## Cuardach a dhéanamh de réir uimhir Celex

- Moltar seo do dhaoine a bhfuil cur amach acu ar uimhreacha Celex.
- Cuir isteach uimhir Celex an doiciméid atá á lorg agat agus gheobhaidh tú na torthaí ar an dóigh chéanna le 'Cuardach a dhéanamh de réir uimhir an doiciméid'. Tuilleadh eolais faoi uimhreacha Celex.
- Níl teacht air ach amháin ar leathanach baile EUR-Lex.




## Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IO)

- Is féidir leat teacht ar na heagráin is déanaí den Iris Oifigiúil go díreach ó leathanach baile EUR-Lex.




- Cliceáil ar **Tuilleadh** chun dul chuig leathanach rochtana na hIrise Oifigiúla, áit ar féidir leat roinnt critéar a roghnú chun eagrán den Iris Oifigiúil a chuardach.

## Brabhsáil de réir institiúide

- Is féidir leat brabhsáil de réir na hinstitiúide a ghlacann na gníomhartha de chuid an Aontais freisin: Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, an Chúirt Iniúchóirí, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste Eorpach na Réigiún.
- Tá rannán ar leith ag an mBanc Ceannais Eorpach ina bhfuil uirlisí cuardaigh saincheaptha, giuirléid a léiríonn na doiciméid nuafhoilsithe agus staitisticí faoi ghníomhartha dlí BCE.
- Is féidir leat teacht ar 'Brabhsáil de réir institiúide' ar leathanach baile EUR-Lex agus ar leathanach ar bith eile ach cliceáil ar Roghchlár.


Tuilleadh eolais faoi Brabhsáil de réir institiúidí.

## Brabhsáil le EuroVoc

- Teasáras ilteangach is ea Eurovoc a chlúdaíonn raon leathan réimsí a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh (e.g. dlí, airgeadas, trádáil). úsáidtear é chun cur síos a dhéanamh ar na doiciméid in EUR-Lex agus chun iad a innéascú, sin agus chun an rochtain ar an reachtaíocht a fheabhsú. Tá 21 fhearann agus 127 bhfofhearann ann.
- Is féidir leat teacht ar 'Brabhsáil le EuroVoc' ar leathanach baile EUR-Lex agus ar leathanach ar bith eile ach cliceáil ar Roghchlár.

Tuilleadh eolais faoi Brabhsáil le EuroVoc.

# Cuardach tapa






Is féidir leat an cuardach tapa a úsáid chun cuardach ginearálta a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as téacs saor ar nós focail, frása nó uimhreach.
Ní dhéanann sé cuardach ach sa teanga atá roghnaithe do chomhéadan an tsuímh agus bíonn torthaí le fáil ó raon leathan réimsí: teideal, téacs na ndoiciméad, sainaitheantóir, faisnéis ghaolmhar, etc.
Is ag barr gach leathanaigh EUR-Lex atá an cuardach tapa le fáil.
Cuireann sé méid mór torthaí ar fáil de ghnáth. Tá bealaí éagsúla ann chun na torthaí cuardaigh a bheachtú le go n-aimseoidh tú go díreach an t-eolas atá uait. Is féidir leat úsáid a bhaint as na nithe seo:

1 Saoróga

- comharthaí athfhriotail (“ ”) chun frása beacht a chuardach
- réiltín (*) chun líon ar bith carachtar a ionadú
  **Mar shampla**: le tuairim* aimseofar na focail tuairimí, tuairimíocht, etc.
  Oibríonn sé sin i gcás uimhreacha doiciméid freisin
- cuir isteach comhartha ceiste (?) in ionad carachtar aonair i do théarma cuardaigh chun teacht ar leaganacha éagsúla de
  Mar shampla: le c?s aimseofar na focail cás, cos, cas, etc.

Chun na leideanna sin a léamh, cliceáil ar **Leideanna cuardaigh** nó ar bhosca an chuardaigh thapa.







2. Leis an gcuardach casta dírítear ar theidil agus/nó ar théacsanna agus ar chritéir eile.

| Réimse | Cur síos |
| --- | --- |
| Teideal | Teideal an doiciméid a foilsíodh san Iris Oifigiúil, i dTuarascálacha na Cúirte Eorpaí nó sa doiciméad bunaidh.<br>**Mar shampla:** Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir lena chur in iúl le lipéadú agus le faisnéis chaighdeánach táirge an méid fuinnimh agus an méid acmhainní eile a ídíonn táirgí a bhaineann le fuinneamh (Téacs atá ábhartha maidir le LEE). |
| Téacs | Téacs iomlán an doiciméid a foilsíodh san Iris Oifigiúil, i dTuarascálacha na Cúirte Eorpaí nó sa doiciméad bunaidh. |
| Uimhir CELEX | Is aitheantóir uathúil doiciméid agus cód aicmiúcháin é an t-aitheantóir CELEX, atá neamhspleách ar theangacha. Úsáidtear é chun crostagairt a dhéanamh do dhoiciméid sa bhunachar sonraí.<br>**Mar shampla:** 32014R1338 |
| Eolairí reachtaíochta agus cásdlí | Is uirlisí aicmiúcháin uimhriúil iad eolairí dhlí an Aontais a thugann rochtain ar dhlí an Aontais de réir ábhair.<br>Tá an struchtúr céanna ag na heolairí go léir: 20 caibidil atá roinnte ina bhfochaibidlí de réir mar is gá. Clúdaítear réimse sonrach de ghníomhaíochtaí an Aontais i ngach caibidil.<br>Tá gach tuairisceoir déanta de 8 ndigit a fhreagraíonn do cheannteideal na príomhchaibidle agus suas le 3 fhorannán ina dhiaidh sin, agus 2 dhigit ag seasamh do gach ceann acu sin. Is féidir doiciméad a innéacsú agus suas le 3 chód eolaire a lua leis.<br>Déantar aicmiú ar leith sna heolairí ar chásdlí an Aontais.<br>Úsáidtear cóid eolaire freisin le haghaidh eagráin speisialta d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh chun uimhir na caibidle a thabhairt le fios.<br>**Mar shampla:** 04.10.30.00 Iascach/An Comhbheartas Iascaigh/Caomhnú Acmhainní |
| Ábhar | Is uirlis aicmiúcháin é an t-ábhar ina bhfuil liosta aibítreach de níos mó ná 200 eochairfhocal. Is ar fhorannáin na gConarthaí agus ar réimsí gníomhaíochtaí na n-institiúidí atá sé bunaithe. Níl na tuairisceoirí chomh sonrach céanna leo siúd a úsáidtear sa chód eolaire ach tugann siad forléargas ginearálta ar a bhfuil sa doiciméad. Is féidir doiciméad a innéacsú agus suas le 3 thuairisceoir ar an ábhar a lua leis.<br>**Samplaí:** Gréasáin thras-Eorpacha; An iomaíocht; Teileachumarsáid |
| Údar | Ainm na hinstitiúide, an chomhlachta nó na tíre a thíolaic an gníomh.<br>**Mar shampla:** Parlaimint na hEorpa |
| Tuairisceoirí EuroVoc | Is teasáras ilteangach ildisciplíneach é EuroVoc a chlúdaíonn réimsí gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh. Tá eochairfhocail ann agus iad roinnte i 21 fhearann agus 127 bhfofhearann, agus úsáidtear na heochairfhocail sin le cur síos a dhéanamh ar ábhar na |


| | |
|---|---|
| | ndoiciméad in EUR-Lex. Úsáidtear EuroVoc mar uirlis innéascaithe don bhailiúchán doiciméad in EUR-Lex.<br>**Samplaí:** réalteolaíocht; planda trópaiceach; siúcra |
| Teideal thogra na nósanna imeachta reachtacha | Teideal an togra lena gcuirtear tús leis an nós imeachta reachtach.<br>**Mar shampla:** COM(2015)341: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú éifeachtúlachta fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE |
| Cód nós imeachta idirinstitiúideach na nósanna imeachta reachtacha | Úsáidtear cód agus uimhir idirinstitiúideach chun an nós imeachta a shainaithint. Tuilleadh eolais faoi na nósanna imeachta.<br>**Mar shampla:** 2016/0351/COD (2016 an bhliain inar cuireadh tús leis an nós imeachta, 0351 an uimhir idirinstitiúideach agus COD an cód a úsáidtear don ghnáthnós imeachta reachtach) |
| Teideal malartach do chásdlí an Aontais (ina bhfuil ainmneacha páirtithe – NOM_USUEL) | Aon teideal malartach/teidil mhalartacha a d'fhéadfadh a bheith ar an doiciméad. I gcás doiciméid a chuireann an Chúirt Bhreithiúnais ar fáil, is sa réimse seo a bhíonn ainmneacha na bpáirtithe le feiceáil.<br>**Mar shampla:** Chemical GmbH/An Coimisiún |
| Uimhir nádúrtha don reachtaíocht thánaisteach | An uimhir atá le feiceáil i dteideal an ghnímh dlí (Rialachán (AE) **2017/1001** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).<br>**Mar shampla:** 2017/1001 |
| Ainm an Abhcóide Ghinearálta do chásdlí an Aontais | Ainm an Abhcóide Ghinearálta a thug an tuairim sa chás cúirte (Cásdlí an Aontais).<br>**Samplaí:** Jacobs; Tizzano |
| Cineál doiciméid | Tuairisceoir ar an gcineál doiciméid.<br>**Samplaí:** R do Rialachán, L do Threoir, D do Chinneadh... |
| ECLI | Is é atá sa Sainaitheantóir Cásdlí Eorpach aitheantóir 5 chomhchuid a thagraíonn do dhoiciméad dlí. Ceapadh é le go mbeadh bunachair sonraí de chásdlí na hEorpa níos so-úsáidte. Seo an fhormáid a bhíonn air: bíonn cúig chuid san aitheantóir, a leagtar amach san ord seo a leanas agus idirstad idir gach ceann acu.<br>▪ An Giorrúchán 'ECLI'.<br>▪ Cód tíre (2 charachtar).<br>▪ Cód cúirte (1-7 gcarachtar).<br>▪ Bliain an chinnidh (4 dhigit).<br>▪ Sainuimhir uathúil (25 charachtar ar a mhéad, is féidir poncanna a úsáid).<br>**Mar shampla:** ECLI:EU:C:1998:27 is é sin an 27ú cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais in 1998. |
| Rapóirtéir do chásdlí an Aontais | Ainm Bhreitheamh-Rapóirtéir an cháis.<br>**Samplaí:** Cooke; Makarczyk |


# Cuardach casta

Tá an cuardach casta an-úsáideach nuair is mian leat cuardach a reáchtáil bunaithe ar chritéir shonracha.
Tá an nasc chuig leathanach an chuardaigh chasta ar fáil ag barr gach leathanaigh in EUR-Lex, díreach thíos faoin gcuardach tapa.





Is féidir critéir éagsúla a roghnú ar fhoirm an chuardaigh chasta sula seolann tú do chuardach. Chun do chuardach a theorannú do chineálacha sonracha doiciméad, amhail conarthaí, gníomhartha dlí nó doiciméid ullmhúcháin, cliceáil ar an mbosca '**Bailiúchán**' agus roghnaigh catagóir.







Cuirtear an fhoirm chuardaigh in oiriúint don chatagóir roghnaithe trí chritéir chuardaigh shonracha a thaispeáint. Nuair a bhrúnn tú an cnaipe cuardaigh, ní chuardóidh an córas ach doiciméid a bhaineann leis an gcatagóir gníomhartha atá roghnaithe.
Chun cuardach a dhéanamh laistigh de chatagóirí éagsúla gníomhartha, cliceáil **Roghnaigh níos mó ná bailiúchán amháin** agus déan do rogha.





Ag barr an leathanaigh is féidir leat do chuardach a theorannú trí thic a chur i gceann de na ticbhoscaí. Is ar an mbailiúchán roghnaithe a bhraitheann na roghanna atá ar fáil.




Sna rannáin seo a leanas tá sonraí faoi na critéir chuardaigh is féidir leat a úsáid nuair a roghnaíonn tú an bailiúchán **Gach doiciméad**, rud a thaispeántar mar réamhshocrú i bhfoirm an chuardaigh chasta.


## Cuardach téacs

Is féidir go leor eochairfhocal a úsáid i do chuardach leis an mbosca '**Cuardach téacs**'.





Sa chéad réimse, cuir isteach focal, uimhir nó seicheamh focal agus/nó uimhreacha. Mar réamhshocrú, bíonn tic sa dá thicbhosca 'Sa teideal' agus 'Sa téacs'. Fágann sé sin gur i dteidil agus i dtéacsanna na ndoiciméad a chuardóidh an córas na heochairfhocail a chuir tú

isteach. Mura dteastaíonn uait ach cuardach a dhéanamh sna teidil amháin, bain an tic den bhosca ‘Sa téacs’. Agus mura dteastaíonn uait ach cuardach a dhéanamh i dtéacsanna na ndoiciméad seachas sna teidil, bain an tic den bhosca ‘Sa teideal’.
Ligeann EUR-Lex duit an dara réimse a líonadh isteach, má tá sé de dhíth ort, agus sin a nascadh leis an gcéad réimse trí na hoibritheoirí ‘AND’, ‘OR’ agus ‘NOT’ a úsáid.
Mar shampla, is féidir linn doiciméid a chuardach a bhfuil ‘comhshaol’ ina dteideal agus ‘iompar’ ina dtéacs.





Sin nó is féidir linn doiciméid a chuardach a luaitear ‘comhshaol’ ina dteideal, ach nach luaitear ‘iompar’ iontu.




## Uimhir dhoiciméid


Leis an mbosca ‘**Uimhir dhoiciméid**’ is féidir leat an cuardach a theorannú do dháta, d’ uimhir shonrach dhoiciméid agus/nó do chineálacha sonracha doiciméad.




Is ar an mbailiúchán roghnaithe ag barr na foirme cuardaigh a bhraitheann na cineálacha doiciméad atá ar fáil sa bhosca. Má theastaíonn níos mó roghanna uait, cliceáil ar an gcnaipe ‘+’.


## Údar an doiciméid

Bíonn critéir chuardaigh an bhosca **Údar an doiciméid** úsáideach nuair is mian leat do chuardach a theorannú do dhoiciméid arna dtáirgeadh ag institiúid, comhlacht, eintiteas, tír ar leith, etc.
Mura n-aimsíonn tú an t-údar atá tú a lorg sa roghchlár anuas '**Údar**', cliceáil ar an gcnaipe '+' sa bhosca '**Eile**' le haghaidh tuilleadh roghanna.





## Cuardach de réir dáta


Sa bhosca '**Cuardaigh de réir dáta**', is féidir leat ceann de na dátaí a roghnú a bhaineann leis an doiciméad/na doiciméid atá á lorg agat. Mar shampla, an dáta a glacadh nó a foilsíodh an doiciméad san Iris Oifigiúil, nó an dáta a thiocfaidh an doiciméad i bhfeidhm. Mura dteastaíonn uait cineál sonrach dáta a roghnú, roghnaigh **Gach dáta**.
Is féidir leat dáta sonrach a chur isteach freisin (lá/mí/bliain; mí/bliain, nó bliain), sin nó raon dátaí a chur isteach.




## Foilsithe san Iris Oifigiúil


Le critéir chuardaigh an bhosca 'Foilsithe san Iris Oifigiúil', is féidir do chuardach a theorannú do dhoiciméid atá foilsithe i roinnt eagrán d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
Is féidir an cuardach a theorannú do bhliain ar leith, sraith ar leith den Iris Oifigiúil, nó eagrán ar leith den Iris Oifigiúil más eol duit an uimhir. Is féidir cuardach a dhéanamh bunaithe ar uimhir leathanaigh d'eagrán den Iris Oifigiúla ar a gcuirtear tús le doiciméad.
Ligeann EUR-Lex duit cuardaigh a dhéanamh atá teoranta d'eagrán speisialta den Iris Oifigiúil chomh maith.







## Téama

Bain úsáid as an mbosca '**Téamaí**' chun cuardaigh a dhéanamh faoi thopaic ar leith.
Is iad topaicí stórchiste EuroVoc na topaicí atá ar fáil i bhfoirm an chuardaigh chasta. 21 fhearann agus 127 bhfofhearann atá ann.
Chun topaic a roghnú, cliceáil ar an gcnaipe '+' sa bhosca '**Stórchiste EuroVoc**'.





Ansin, roghnaigh téama amháin nó níos mó. Sa sampla thíos, déanfar doiciméid a bhaineann leis na topaicí 'timpeallacht gheoifisiceach' agus 'fiadhúlra' a chuardach.







Chun a chinntiú go mbeidh na doiciméid a bhaineann leis na fothopaicí a roghnaigh tú san áireamh i dtorthaí an chuardaigh, cuir tic sa bhosca '**Fo-leibhéil na dtéarmaí cúnga atá roghnaithe a chur san áireamh**'.





## Doiciméid maidir le nós imeachta reachtach

Sa bhosca '**Doiciméid maidir le nós imeachta reachtach**', is féidir cuardach a chruthú a bheidh teorannaithe do dhoiciméid a bhaineann le cineál nós imeachta ar leith (mar shampla, gnáthnós imeachta reachtach nó nós imeachta neamhreachtach) agus, más mian leat, do bhliain shonrach.
Is féidir an cuardach a theorannú freisin do na doiciméid a bhaineann le nós imeachta sonrach trína uimhir a chur isteach sa réimse '**Uimhir**' (mar shampla, 2005/0042/COD).





## Ná taispeáin ach doiciméid atá ar fáil sna teangacha seo:

Sa bhosca '**Ná taispeáin ach doiciméid atá ar fáil sna teangacha seo**' is féidir an cuardach a theorannú do dhoiciméid a foilsíodh i dteanga amháin nó i roinnt teangacha.
Mar shampla, má roghnaíonn tú 'Spáinnis', cuardóidh an córas na doiciméid uile atá foilsithe i Spáinnis.



Má tá tú ag úsáid EUR-Lex i dteanga eile seachas an teanga atá roghnaithe agat sa bhosca ‘**Ná taispeáin ach doiciméid atá ar fáil sna teangacha seo**’, déanfar doiciméid a foilsíodh sa teanga roghnaithe a chuardach, ach feicfidh tú iad i dteanga do chomhéadain.
Sa sampla thuas, tá ‘Spáinnis’ roghnaithe againn ach Béarla teanga an chomhéadain úsáideora. Déanfaidh an córas doiciméid a foilsíodh i Spáinnis a chuardach ach taispeánfaidh sé i mBéarla iad i liosta na dtorthaí.
Ag brath ar an mbailiúchán atá roghnaithe agat ag barr fhoirm an chuardaigh chasta, d’ fhéadfadh roinnt roghanna cuardaigh eile a bheith ar fáil. Má tá aon amhras ort faoin dóigh lena n-úsáid, cuir do luchóg thar na comharthaí ceiste chun mínithe gearra a fháil.



Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Sainchuardach

Seo mar is féidir leat cuardaigh an-chasta a dhéanamh:

1. Sínigh isteach i do chuntas *EUR-Lex s'agamsa*
2. Cliceáil ar **Sainchuardach** sa chúinne ar dheis ar bharr an scáileáin.

## Conas sainchuardach a dhéanamh

1. Roghnaigh an *Teanga chuardaigh*.
2. Cuir isteach paraiméadair an chuardaigh i m*bosca an tSainchuardaigh*. Beidh ort an chomhréir chuí a úsáid don sainchuardach. **Tá dhá rogha ann**:
   - 2.1 do chuardach **a chlóscríobh de láimh** sa bhosca
   - 2.2 leas a bhaint as an g**córas leideanna**
   - 2.3. má chliceáiltear ceann de na míreanna atá i liosta na *Réimsí cuardaigh*, iontrálfaidh an córas an *réimse* sin sa bhosca cuardaigh, agus beidh eolas breise le feiceáil ar thaobh na láimhe deise den scáileán.

     **Cóid nó ainmneacha**
     Is é an réamhshocrú atá ann go n-iontráiltear na réimsí cuardaigh mar chód (e.g. TI) sa bhosca cuardaigh. Más mian leat ainmneacha na réimsí cuardaigh a thaispeáint sa bhosca cuardaigh (e.g. Teideal), roghnaigh an cnaipe raidió **Téacs**, atá thíos faoin mbosca cuardaigh.
     Is cuma má tá meascán de chóid agus d'ainmneacha sa chuardach céanna.
     ! Ní bhíonn liosta na réimsí cuardaigh (ná an míniú a théann leo) le feiceáil mura bhfuil JavaScript cumasaithe ar do bhrabhsálaí.
   - 2.4. Is féidir leas a bhaint, freisin, as na cnaipí gorma atá ar dheis ón mbosca cuardaigh chun oibreoirí cuardaigh, saoróga nó sonraitheoirí réimse a chur leis an gcuardach. Tá tuilleadh eolais sa chéad chaibidil eile: **Comhréir & oibreoirí cuardaigh**.
3. Cliceáil ar an gcnaipe *Cuardaigh*.

Mura bhfuil an chomhréir a d'úsáid tú bailí, taispeánfar teachtaireacht earráide.
Is féidir leat féin bailíocht na comhréire a d'iontráil tú a sheiceáil ach an cnaipe *Seiceáil comhréir* a bhrú.
❗ Más mian leat **na réimsí uile a ghlanadh**, cliceáil *Glan*.

## Comhréir & oibreoirí cuardaigh

Is gá na 3 mhír seo a leanas ar a laghad (*san ord seo thíos*) a bheith sa sainchuardach:

| | Réimse cuardaigh (meiteashonraí) | Sonraitheoir réimse | Téarma cuardaigh |
|---|---|---|---|
| Sampla: | Teideal | ~ | Europa |

Is féidir cuardaigh níos casta a dhéanamh trí úsáid a bhaint as **oibreoirí** cuardaigh, ar nós *AND*.
Sampla

| Teideal | ~ | Europa | AND | Údar | = | COM |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Réimse cuardaigh* | *Sonraitheoir réimse* | *Téarma cuardaigh* | *Oibreoir cuardaigh* | *Réimse cuardaigh* | *Sonraitheoir réimse* | *Téarma cuardaigh* |

### Oibreoirí

Chun cuardach níos casta a dhéanamh, is gá iad **a chlóscríobh de láimh** nó na **cnaipí gorma** atá ar thaobh na láimhe deise den scáileán a úsáid.

| Oibreoir | Feidhm |
|---|---|
| **AND** | Aimsítear torthaí a bhfuil **na téarmaí cuardaigh uile** iontu |
| **OR** | Aimsítear torthaí **a bhfuil téarma cuardaigh amháin ar a laghad** iontu |
| **NOT** | **Ní áirítear** na téarmaí cuardaigh sna torthaí |
| **WHEN** | Lorgaítear **fothacar** as máthairghrúpa níos mó |
| **()** | **Grúpáiltear** téarmaí cuardaigh agus sonraítear **an t-ord ina bpróiseálfar iad** |
| **NEAR10** | Aimsítear téarmaí cuardaigh **atá suite laistigh de 10 focal óna chéile** |
| **NEAR40** | Aimsítear téarmaí cuardaigh **atá suite laistigh de 40 focal óna chéile** |
| ***** | Ionadaítear **0 go n carachtar** |
| **?** | Ionadaítear **aon charachtar amháin** |

| | |
|---|---|
| **<** | Ar lú ná |
| **<=** | Níos lú ná nó cothrom le |
| **>** | Níos mó ná |
| **>=** | Níos mó ná nó cothrom le |
| **<>** | Níl cothrom le |
| **=** | Cothrom le; ní ceart é a úsáid ach i gcás *Sonraí códaithe* nuair is gá don téarma cuardaigh agus an toradh a bheith díreach mar an gcéanna |
| **~** | Ina bhfuil; ní ceart é a úsáid ach i gcás *Sonraí téacs* nuair a theastaíonn uait teacht ar dhoiciméid ina bhfuil do théarma cuardaigh |

## Téarmaí sonracha a chuardach

| | Cuardach | Torthaí |
|---|---|---|
| Mar réamhshocrú, aimseoidh EUR-Lex **na focail uile a thagann den bhunfhocal** a d'iontráil tú. | *Téacs ~ cothrom* | Doiciméid ina bhfuil an focal *'cothrom'*, ach freisin doiciméid ina bhfuil na focail *'cothromaíocht'* nó *'cothromán'*, mar shampla, sa téacs. |
| Mura bhfuil uait ach an **téarma beacht**, is gá **comharthaí athfhriotail** a úsáid | *Téacs ~ "cothrom"* | Doiciméid nach bhfuil iontu ach an focal '*cothrom'* sa téacs. |
| AND<br>Aimsítear torthaí a bhfuil **na téarmaí cuardaigh uile** iontu | *Téacs ~ pearsanta AND sonraí* | Doiciméid ina bhfuil na focail 'pearsanta' agus 'sonraí' sa téacs. |
| | *Teideal ~ "cóir chomhionann" AND Téacs ~ bunúsacha* | Doiciméid ina bhfuil na focail 'cóir chomhionann' sa teideal agus an focal 'bunúsacha' sa téacs. |
| | *Teideal ~ "sonraí pearsanta" AND Bailiúchán = LEGISLATION* | Reachtaíocht ina bhfuil na focail 'sonraí pearsanta' sa teideal. |
| OR<br>Aimsítear torthaí a bhfuil **téarma cuardaigh amháin ar a laghad** iontu: | *Teideal ~ "cóir chomhionann" OR Téacs ~ bunúsach* | Doiciméid ina bhfuil na focail 'cóir chomhionann' sa teideal **nó** an focal 'bunúsach' sa téacs. |
| NOT<br>**Ní áirítear** na téarmaí cuardaigh sna torthaí: | *Teideal ~ "cóir chomhionann" NOT Téacs ~ bunúsach* | Doiciméid ina bhfuil na focail 'cóir chomhionann' sa teideal ach **nach bhfuil an focal 'bunúsach' sa téacs**. |

❗ Ní féidir an t-oibreoir **OR** a úsáid chun *cuardach téacs* **a chomhcheangal** le cuardach i *Réimsí cuardaigh* eile (meiteashonraí).

- Ní cuardach bailí é *Teideal ~ "sonraí pearsanta" OR Bailiúchán = LEGISLATION*
- Chun an dá mhír sin den chuardach a chomhcheangal, bheadh gá leas a bhaint as na hoibreoirí **AND** nó **NOT**.
- Is cuardach bailí é *Teideal ~ "sonraí pearsanta" AND Bailiúchán = LEGISLATION*
- Is cuardach bailí é *Teideal ~ "sonraí pearsanta" NOT Bailiúchán = LEGISLATION*

## Ord tosaíochta na n-oibreoirí AND, OR agus NOT.

Tá **ord tosaíochta ar leith ann** idir na hoibreoirí sin.
Tá tosaíocht ag 'NOT' ar 'AND', agus tosaíocht ag 'AND' ar 'OR'.
Sampla

| Cuardach | Torthaí |
|---|---|
| *Teideal ~ cóir* **AND** *chomhionann* **NOT** *chothrom* **OR** *Téacs ~ bunúsach* | Doiciméid ina bhfuil na focail:<br>▪ 'cóir' **agus** 'chomhionann' sa teideal, **ach nach bhfuil** an focal 'chothrom' sa teideal<br>**OR**<br>▪ a bhfuil an focal 'bunúsach' sa **téacs**<br>Is gá **lúibíní** a úsáid chun an tosaíocht a athrú. |

## LÚIBÍNÍ ( )

Is féidir **lúibíní** a úsáid chun míreanna a ghrúpáil sa chuardach agus an t-ord ina léifear iad a thabhairt le fios – fiú leis an ord tosaíochta réamhshocraithe a athrú idir AND, NOT agus OR.

| | Cuardach | Torthaí |
|---|---|---|
| **GAN LÚIBÍNÍ AR BITH** | *Teideal ~ cearta AND tomhaltóra OR tomhaltóirí* | Doiciméid ina bhfuil na focail:<br>▪ 'cearta' agus 'tomhaltóra'<br>**OR**<br>▪ an focal 'tomhaltóirí' amháin, **sa teideal** |
| **LE LÚIBÍNÍ ( )** | *Teideal ~ cearta AND (tomhaltóra OR tomhaltóirí)* | Doiciméid ina bhfuil na focail:<br>▪ 'cearta' agus 'tomhaltóra'<br>**OR**<br>▪ na focail 'cearta' agus 'tomhaltóirí', sa **teideal** |

## WHEN

Aimsíonn an t-oibreoir seo **fothacar** as máthairghrúpa níos mó. Oibríonn WHEN ar nós AND, ach go bhfuil sé níos srianta.
Sampla

| Cuardach | Torthaí |
|---|---|
| *Bunús_dlí = 32012R1151 WHEN Mír_ina_bunús_dlí = 3* | Doiciméid:<br>▪ arb é an bunús dlí leo an doiciméad leis an uimhir CELEX 32012R1151, agus<br>▪ atá bunaithe ar mhír 3 den doiciméad sin. |

## NEAR10

Aimsítear téarmaí **atá suite laistigh de 10 bhfocal** ó théarma sonrach eile.
Sampla

| Cuardach | Torthaí |
|---|---|
| *Téacs ~ "iompar" NEAR10 "trasteorann"* | Doiciméid a bhfuil na focail 'iompar' agus 'trasteorann' suite laistigh de 10 bhfocal óna chéile (beag beann ar abairtí agus ar mhíreanna). |

## NEAR40

Oibríonn sé ar nós NEAR10 ach go bhfuil na téarmaí **suite laistigh de 40 focal óna chéile**.
❗ Ní féidir NEAR10 agus NEAR40 a úsáid ach **i gcuardaigh téacs**.

## SAORÓGA (* agus ?)

| | Cuardach | Torthaí |
|---|---|---|
| * | *Ionadaítear* **0 go n carachtar** | aimseoidh *iona** na focail *ionadaí*, *ionadaithe*, *ionadaíocht*, *ionadaíochta*, *ionadaíochtaí*, srl. |
| ? | Ionadaítear **aon charachtar amháin** | aimseoidh *m?r* na focail *mír*, *mór*, *mar*, srl. |

❗ Ní féidir na saoróga a chur **i dtús téarma cuardaigh**.

Ní cuardach bailí é *Téacs ~ *aíocht*.

## RAONTA

Seo a leanas na hoibreoirí is gá a úsáid le **raon luachanna** a iontráil i gcás dátaí nó uimhreacha:

| Cuardach | Torthaí |
|---|---|
| < (níos lú ná) | I gcás dátaí, is "roimh" a chiallaíonn sé seo, e.g. *Dáta_foilsithe < 01/01/2015* |
| <= (níos lú ná nó cothrom le) | |
| > (níos mó ná) | |
| >= (níos mó ná nó cothrom le) | |
| <> (níl cothrom le) | |

### COTHROM LE (=)

Aimsítear torthaí atá **díreach mar an gcéanna** leis an téarma cuardaigh. Cuirtear an t-oibreoir leis na *réimsí* cuí go huathoibríoch nuair a roghnaítear *Réimse cuardaigh* as an liosta.
*Tabhair faoi deara: ní féidir an t-oibreoir "cothrom le" a úsáid i gcuardach téacs*.
Mar shampla, má roghnaítear réimsí ina bhfuil **dátaí nó uimhreacha** gheofar torthaí don *dáta nó uimhir shonrach* sin.

| Cuardach | Torthaí |
|---|---|
| *Dáta_foilsithe = 16/11/2010* | Na doiciméid a foilsíodh an 16/11/2010 amháin. |

### TILDE (~)

Aimsítear **na téacsanna uile ina bhfuil an téarma cuardaigh** a d'iontráil tú.

| Cuardach | Torthaí |
|---|---|
| *Teideal ~ Coimisiún* | Doiciméid ina bhfuil an focal 'Coimisiún' sa teideal. |

## Réimsí cuardaigh

Tá na réimsí cuardaigh ar taispeáint **faoi bhun bhosca an tsainchuardaigh**, ar thaobh na láimhe clé.
**Sin na réimsí uile is féidir a chuardach**, agus iad grúpáilte i gcatagóirí. De réir réamhshocrú, ní thaispeántar ach na fearainn bharrleibhéil. Ní gá ach cliceáil ar theidil na bhfearann sin chun na foleibhéil a thaispeáint nó a fholú.

## Cabhair maidir leis na réimsí cuardaigh

Nuair a chliceáiltear **ar mhír** sa liosta de na réimsí cuardaigh, taispeánann an córas (ar thaobh na láimhe deise den liosta) míniúcháin, samplaí agus noda faoin gcaoi a n-úsáidtear an réimse sin:

## Luachanna (i bhfoirm liosta)

I gcás réimsí áirithe (e.g. *Doiciméid –> Sonraí códaithe –> Ranguithe –> Ábhar (CT)*), taispeánann an córas liosta de na luachanna **a d'fhéadfá a roghnú** don chuardach (ní gá ach tic a chur sa bhosca/sna boscaí atá taobh leis an luach/na luachanna a theastaíonn uait a roghnú agus an cnaipe *Cuir leis an gcuardach* a chliceáil).
Má theastaíonn uait **luach sonrach** a aimsiú, ní gá ach é a iontráil i mbosca cuardaigh an *Scagaire* atá ag barr an liosta agus an cnaipe *Scag* a bhrú.

## Luachanna (i bhfoirm crainn)

Tá luachanna eile ann a thaispeántar i bhfoirm crainn (e.g. *Doiciméid –> Sonraí códaithe –> Ranguithe –> Tuairisceoir_EUROVOC (DC)*).
Beidh ort ▸ a chliceáil chun mír a leathnú agus tic a chur sa bhosca/sna boscaí atá taobh leis an luach/na luachanna a theastaíonn uait a roghnú (*is féidir níos mó ná luach amháin a roghnú*).
Má theastaíonn uait **luach sonrach** a aimsiú, ní gá ach é a iontráil i mbosca an *Scagaire* atá ag barr an liosta agus an cnaipe *Scag* a bhrú.
Cliceáil an cnaipe *Cuir leis an gcuardach* (*má roghnaíonn tú níos mó ná luach amháin cuirfear 'OR' eatarthu*).

## Cuardach de réir dáta

Is féidir cuardach a dhéanamh de réir **dáta sonrach** nó **raon dátaí**:

1. Roghnaigh réimse a bhaineann le dáta (e.g. Doiciméid –> Sonraí códaithe –> Dáta –> Dáta_foilsithe) agus ansin roghnaigh ceann den dá rogha sa roghchlár síos atá ar thaobh na láimhe deise:
   - 1.1 *Dáta cruinn*
   - 1.2 *Raon dátaí*
2. Is féidir na dátaí **a chlóscríobh de láimh** san fhormáid (LL/MM/BBBB) nó an **féilire** a úsáid 📅.
3. Cliceáil an cnaipe *Cuir leis an gcuardach*.

## Gaol idir na doiciméid

Seo mar a dhéantar cuardach de réir gaoil (e.g. doiciméad ar leasaigh doiciméad eile é, nó doiciméad a bhfuil baint ag cás áirithe leis, a aimsiú):

1. Cliceáil *Doiciméid –> Sonraí códaithe –> Gaol idir na doiciméid*.
2. Cliceáil cineál gaoil, cuir i gcás *Arna_leasú_le (MD)*.
3. Ar thaobh na láimhe deise beidh:

3.1. réimse don *Uimhir CELEX*
❗ *Má tá lúibíní san uimhir CELEX, beidh ort an uimhir a chur idir comharthaí athfhriotail (e.g. "42000A0922(02)"*.

3.2. i gcásanna áirithe, beidh roghchlár síos faoin gceannteideal *Príomhfheidhm*, le go bhféadfaidh tú níos mó sonraí a roghnú faoin ngaol.

4 Cliceáil ceann de na luachanna i liosta na dtorthaí.

5 Cliceáil an cnaipe *Cuir leis an gcuardach*.

❗ *Na réimsí a bhaineann le* **Bunús dlí***, cuireann siad ar do chumas duit cuardach a theorannú d'airteagal, do mhír nó d'fhomhír ar leith.*

### Nótaí tráchta faoin ngaol idir na doiciméid

Is féidir na nótaí tráchta faoin ngaol idir na doiciméid a chuardach freisin. I measc na réimsí ina bhfaightear nótaí tráchta faoin ngaol idir na doiciméid tá: *Doiciméid –> Sonraí códaithe –> Gaol idir na doiciméid –> Cás_a_bhaineann_le (AJ); Ionstraimí_a_luadh (CI); nó Bunús_dlí (LB)*.
Féach an nós imeachta thuas faoin gceannteideal "Gaol idir na doiciméid" le nótaí tráchta faoin ngaol idir na doiciméid a chuardach.

## Torthaí an chuardaigh a phearsantú

Faoi bhun bhosca an tsainchuardaigh, is féidir an cnaipe *An t-eolas atá léirithe a chur in oiriúint* a bhrú chun an chaoi a dtaispeántar na torthaí a athrú.

### Focail sna torthaí a aibhsiú – ZÚMÁIL téacs

Aibhsítear – i liosta na dtorthaí – focail as aon cheann de na **réimsí téacs** a roghnaigh tú don chuardach:

1 Cliceáil *ZÚMÁIL téacs* (faoi *Meiteashonraí le taispeáint*).

2. Roghnaigh **líon na bhfocal** atá **le taispeáint roimh/i ndiaidh** do théarmaí cuardaigh.

Ansin, cliceáil an cnaipe *Cuir i bhfeidhm* leis na hathruithe sin uile a chur i bhfeidhm ar thorthaí an chuardaigh.

an tAontas Eorpach

EUR-Lex

Rochtain ar dhlí an Aontais Eorpaigh

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Foláirimh RSS réamhshainithe

Is féidir foláireamh RSS a úsáid chun an t-eolas is déanaí a fháil faoi na foilseacháin is nuaí ar EUR-Lex a bhaineann le catagóirí réamhshainithe doiciméad agus le heagráin den Iris Oifigiúil. Leis an teicneolaíocht seo is féidir leat suíomhanna gréasáin a leanúint gan dul chuig an suíomh féin.
Gach uair a fhoilsíonn EUR-Lex doiciméad nua a bhaineann leis an gcatagóir atá roghnaithe agat, seolfar foláireamh chugat trí do bhrabhsálaí nó trí léitheoir RSS.
Is féidir leat teacht ar na grúpaí doiciméad seo a leanas, agus clárú leo, ach cliceáil ar na naisc thíos.
Má tá tú sínithe isteach mar úsáideoir cláraithe, is féidir leat do chuid foláirimh féin a chruthú le haghaidh doiciméad agus nósanna imeachta chomh maith. Tá tuilleadh eolais le fáil faoi Mo chuid foláireamh RSS.


- 1 – Reachtaíocht uile na Parlaiminte agus na Comhairle
- 2 – Cásdlí uile Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
- 3 – Cásdlí na Cúirte Breithiúnais Eorpaí
- 4 – Tograí ón gCoimisiún agus doiciméid ghaolmhara
- 5 - Acts of the Official Journal L
- 6 - Acts of the Official Journal C

# Brabhsáil de réir institiúidí an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat doiciméid a bhrabhsáil de réir na n-institiúidí a ghlac iad:

- Parlaimint na hEorpa
- An Chomhairle Eorpach
- Comhairle an Aontais Eorpaigh
- An Coimisiún Eorpach
- Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
- An Banc Ceannais Eorpach
- An Chúirt Iniúchóirí
- Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
- Coiste Eorpach na Réigiún.

Ar an leathanach baile, cliceáil Institiúidí an AE agus ansin roghnaigh institiúid.
Ag brath ar an institiúid, is féidir leat doiciméid a bhrabhsáil de réir a gcineálacha (e.g. rialacháin nó breithiúnais na Cúirte Breithiúnais) agus/nó de réir blianta.
Is é rud atá sna huimhreacha gorma líon na ndoiciméad atá ar fáil do gach catagóir. Má chliceálann tú ar an uimhir tiocfaidh tú ar leathanach torthaí ar a bhfuil gach doiciméad a mheaitseálann na roghanna cuardaigh atá déanta agat.






# An Banc Ceannais Eorpach

Tá rannán ar leith ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ina bhfuil uirlisí cuardaigh saincheaptha:

- Le **Cuardach tapa i ndoiciméid BCE** cuirtear teorainn leis na torthaí sa mhéid nach dtaispeánfar ach na doiciméid ó BCE nó ón Institiúid Eorpach Airgeadaíochta, sin agus an cásdlí ábhartha.
- Le **Cuardach casta** atreoraítear thú chuig cuardach casta atá dírithe ar dhoiciméid an rannáin áirithe sin, agus orthu sin amháin.
- Le **Brabhsáil de réir ábhair** is féidir leat doiciméid a bhrabhsáil de réir na scéime aicmithe a úsáideann BCE.
- Le **Doiciméad a chuardach** agus **Cás cúirte a chuardach** is féidir leat teacht ar dhoiciméid BCE agus ar an gcásdlí is ábhartha do BCE de réir bliana, uimhreach agus cineáil.
- Tá staitisticí faoi dhoiciméid BCE le fáil sa bhosca **Amharc-nascleanúint**. Atreoraítear thú chuig leathanach ar ar féidir leat doiciméid BCE a bhrabhsáil de réir bliana, de réir an chineáil gnímh dhlíthiúil nó de réir ábhair. Is féidir leat cliceáil ar na barraí sna grafaicí, rud a atreoróidh chuig leathanaigh na dtorthaí gaolmhara thú.
- Faoi **Na foilseacháin is déanaí** is féidir rochtain thapa a fháil ar dhoiciméid BCE a foilsíodh ar EUR-Lex le déanaí.

Leathanaigh atá dírithe ar an maoirseacht baincéireachta Eorpach agus ar an dlí príomha a bhaineann le BCE, is féidir teacht orthu sin i rannán BCE chomh maith.



Find a document

Year

Number

All

Find a court case


Year

Number

All

# Brabhsáil le EuroVoc

Teasáras is ea Eurovoc atá ar fáil ina lán teangacha agus a chlúdaíonn raon leathan réimsí a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh (e.g. dlí, airgeadas, trádáil). Úsáidtear é chun cur síos a dhéanamh ar na doiciméid in EUR-Lex agus chun iad a innéacsú, sin agus chun an rochtain ar an reachtaíocht a fheabhsú. Tá 21 fhearann agus 127 bhfofhearann ann. Chun doiciméid a bhrabhsáil le heochairfhocail EuroVoc, téigh go dtí leathanach baile EUR-Lex agus cliceáil ar Brabhsáil le EuroVoc.
Is féidir do chuardach a chúngú ach cliceáil ar na deilbhíní +.




An t-acrainm ‘NT’ roimh eochairfhocal, seasann sé do ‘narrower term’ (téarma níos cúinge). Bíonn uimhir i ndiaidh an acrainm, uimhir lenar féidir an t-ordlathas idir fofhearainn EuroVoc a aithint.
Chun teacht ar dhoiciméid a bhfuil tagairt déanta dóibh faoi fhearann/fofhearann áirithe, cliceáil ar **Cuardaigh** taobh leis an ainm.

# Liosta na dtorthaí

Tar éis duit cuardach a dhéanamh beidh leathanach amháin nó níos mó ann ina liostaítear doiciméid nó nósanna imeachta.
Léirítear líon na dtorthaí i mbarr an leathanaigh.
Úsáideann EUR-Lex córas chun doiciméid thábhachtacha a bhfuil tóir orthu a dhéanamh níos feiceálaí. Aibhsítear iad sin i bhfráma gorm ar bharr liosta na dtorthaí (agus uasmhéid 10 mír aibhsithe le feiceáil ann).
Mar réamhshocrú tá an méid seo a leanas i ngach toradh:
I gcás doiciméad:

- teideal inchliceáilte lena dtreoraítear thú chuig leathanach an doiciméid ghaolmhair i dteanga an chuardaigh
- tagairt an fhoilseacháin (e.g. IO L 130, 25/05/1994, lch. 43–63) agus na teangacha ina bhfuil sé ar fáil
- más ábhartha, stádas an doiciméid (e.g. ‘i bhfeidhm’)
- aitheantóir (uimhir CELEX, e.g. 31994D0295)
- údar
- dáta doiciméid
- más ábhartha, nasc chuig an leagan comhdhlúite reatha
- deilbhíní inchliceáilte lena dtreoraítear thú chuig an leagan pdf nó html den doiciméad.

I gcás nósanna imeachta:

- teideal inchliceáilte lena dtreoraítear thú chuig leathanach gaolmhar an nós imeachta ar EUR-Lex i dteanga an chuardaigh
- tagairt an ghnímh thionscanta (e.g. COM (2013) 531)
- doiciméad tionscanta (uimhir CELEX agus nasc go hiondúil, e.g. 52013PC0531)
- gníomhartha atá glactha – más ann dóibh (uimhir CELEX agus nasc go hiondúil)
- stádas nós imeachta (e.g. ‘ar siúl’).

Is féidir leat leathanach na dtorthaí a úsáid chun:

-

- do chuardach a bheachtú (a scagadh) de réir eochairfhocail, bailiúcháin, bhliain an doiciméid, údair, etc.
- do chuardach a mhodhnú
- athrú a dhéanamh ar an eolas a thaispeántar faoin doiciméad nó faoi na nósanna imeachta (‘An t-eolas atá léirithe a chur in oiriúint’)
- ord sórtála an liosta a athrú trí úsáid a bhaint as na roghchláir anuas
- gach toradh cuardaigh, nó rogha díobh, a easpórtáil. Leis sin cuirfear an t-eolas roghnaithe ar fáil i roinnt formáidí (PDF, XML, Excel, TSC, CSV). Tá méid an chomhaid easpórtála teoranta do 5 MB i gcás úsáideoirí nach bhfuil cláraithe.

*mar úsáideoirí cláraithe*:


- critéir do chuardaigh a shábháil (‘Sábháil in Mo chuardaigh’)
- fógraí foláirimh a chruthú (‘Cruthaigh fotha in M’fholáirimh (Fothaí RSS)’)
- doiciméid a shábháil agus a eagrú i bhfillteáin (‘Sábháil in Mo dhoiciméid’)

Tá tuilleadh eolais le fáil ag na naisc seo:

Cuardach a bheachtú
Cuardach a mhodhnú
An liosta torthaí a oiriúnú
Torthaí a easpórtáil

# Do chuardach a bheachtú

Is féidir torthaí do chuardaigh a chúngú ach úsáid a bhaint as na scagairí ar thaobh na láimhe clé de leathanach na dtorthaí.




Is de réir catagóire atá na scagairí leagtha amach.

I gcás gach scagaire, taispeántar líon na dtorthaí gaolmhara idir lúibíní. Go ginearálta, tá na scagairí curtha in ord de réir líon na dtorthaí gaolmhara in ord íslitheach (is iad na scagairí lena ngabhann an líon is mó torthaí atá liostaithe ar dtús).

Ní thaispeántar ach na scagairí lena ngabhann an líon torthaí gaolmhara is mó.

Nuair a chliceálann tú scagaire:
déantar nuashonrú ar liosta na dtorthaí agus ní thaispeántar ach na torthaí a bhaineann leis an gcritéar nua atá roghnaithe agat

cuirtear an critéar nua le bosca na gcritéar cuardaigh atá os cionn liosta na dtorthaí

gach scagaire atá roghnaithe agat, liostaítear ag barr liosta na scagairí iad faoin teideal 'Mo rogha scagairí'

má shábháiltear an cuardach ag an bpointe sin, sábhálfar é sa leagan amach nua, agus cuirfear na scagairí atá roghnaithe agat san áireamh.

Is féidir leat níos mó ná scagaire amháin a roghnú. Dá mhéad scagairí a roghnaítear, is amhlaidh is lú agus is spriocdhírithe na torthaí.




Chun do chuardach a leathnú arís, bain na scagairí faoin gceannteideal ‘Mo rogha scagairí’ trí chliceáil ar an gcros (x).

Baineann fo-leibhéil le cuid de na scagairí.
Nuair a chliceálann tú bliain faoi ‘Bliain an doiciméid’, mar shampla, taispeántar an chéad leibhéal eile (na míonna). Is amhlaidh an cás le ‘De réir cód eolaire’ agus ‘De réir EuroVoc’.
Nuair a shroicheann tú an leibhéal is ísle de scagaire, imíonn sé as radharc ó liosta na scagairí. Chun filleadh ar an leibhéal is airde, bain an scagaire/na scagairí lena mbaineann faoin gceannteideal ‘Mo rogha scagairí’.


# Cuardach a mhodhnú

Tá roghanna éagsúla modhnaithe ar fáil ag brath ar an gcineál cuardaigh a dhéanann tú.

## Cuardach tapa a mhodhnú

Bíonn an cuardach tapa le fáil ag barr gach leathanaigh de chuid EUR-Lex i gcónaí agus taispeántar ann téarmaí an chuardaigh is deireanaí a rinne tú ionas gur féidir leat iad a mhodhnú go díreach sa bhosca cuardaigh féin.
Má tá tú sínithe isteach, cliceáil **Modhnaigh faoi shainchuardach** chun aistriú ón gcuardach tapa go dtí an sainchuardach agus chun do roghanna cuardaigh a shaincheapadh.
Conas modhnú a dhéanamh faoi shainchuardach

## Cuardach casta a mhodhnú




Sa bhosca **Critéir chuardaigh** atá os cionn liosta na dtorthaí, cliceáil **Modhnaigh an cuardach** chun na critéir chuardaigh a bhí agat a chéaduair a mhodhnú. Má tá tú sínithe isteach, cliceáil **Modhnaigh faoi shainchuardach** chun aistriú ón sainchuardach go dtí an cuardach casta agus chun teacht ar roghanna cuardaigh breise.
Conas modhnú a dhéanamh faoi shainchuardach

## Moltaí a úsáid

Mura raibh aon toradh ar do chuardach, agus má shíleann an córas go bhfuil an téarma a bhí uait litrithe go mícheart agat, molfaidh sé rogha eile duit a bheidh le feiceáil thíos faoin mbosca **Critéir chuardaigh**.

Ní gá ach cliceáil ar an téarma molta más é sin a bhí uait a chéaduair.


Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# An liosta torthaí a oiriúnú

Gabhann formáid réamhshocraithe le liosta na dtorthaí.
An chuma atá ar an liosta i ndiaidh duit cuardach a dhéanamh, is féidir sin a oiriúnú gan síniú isteach.
Nuair a bheidh tú sínithe isteach, is féidir leat athruithe buana a dhéanamh trí **Sainroghanna** > **Sainroghanna Cuardaigh**.
Tuilleadh eolais faoi [do chuid sainroghanna cuardaigh a shocrú]

## Athrú a dhéanamh ar an eolas a thaispeántar i liosta na dtorthaí

1. Cliceáil **An t-eolas atá léirithe a oiriúnú** a thaispeántar go díreach os cionn an chéad toraidh.




2. Má tá roinnt próifílí sonracha cruthaithe agat cheana (le haghaidh úsáideoirí atá sínithe isteach amháin), is féidir leat ceann acu sin a roghnú.
   Seachas sin, roghnaítear an phróifíl chaighdeánach go huathoibríoch.
3. Roghnaigh an t-eolas is mian leat a thaispeáint trí na ticbhoscaí lena mbaineann a roghnú. Cuirfear an t-eolas sin leis na torthaí freisin má phriontáiltear, má shábháiltear nó má easpórtáiltear iad.
   Tá roinnt eolais ann nach féidir a bhaint den roghnúchán, lena n-áirítear teidil agus uimhreacha CELEX.
4. Cliceáil **Cuir i bhfeidhm** ag bun na fuinneoige. NÍ SHÁBHÁLFAR na hathruithe a rinne tú má chliceálann tú lasmuigh den fhuinneog chun dul ar ais chuig liosta na dtorthaí.

Na socruithe atá sábháilte sa bhosca dialóige **An t-eolas atá léirithe a oiriúnú**, beidh feidhm acu le linn do sheisiúin ar fad. Áirítear leis sin líon na dtorthaí in aghaidh an

leathanaigh, na meiteashonraí atá le taispeáint agus an fhéidearthacht atá ann na téarmaí cuardaigh a aibhsiú i liosta na dtorthaí.
Más sainchuardach atá déanta agat, tá tuilleadh roghanna ar fáil sa bhosca dialóige sin: roghanna sórtála agus ordaithe, an leathanach torthaí ón **Sainchuardach** a oscailt i bhfuinneog nua, feidhmiúlacht zúmála (líon na bhfocal).

## Torthaí an chuardaigh a shórtáil – 'Sórtáil de réir'

Is féidir leat do chritéir shórtála a roghnú sa roghchlár **Sórtáil de réir**. Mar réamhshocrú sórtáiltear na torthaí in ord íslitheach ábharthachta.
Critéir shórtála atá ar fáil:

- Ábhartha: Sórtáiltear na doiciméid de réir a n-ábharthachta, ó thaobh an dlí de den chuid is mó. Tá siad roinnte i d**trí ghrúpa**. Taispeántar doiciméad a bhaineann leis an gcéad ghrúpa roimh na doiciméid ón dara agus ón tríú grúpa. Tá rialacha breise ann. Is é an bhunaidhm atá ann go mbeidh an tsórtáil ag teacht le hionchais thromlach na n-úsáideoirí.
    - Áirítear i n**Grúpa 1** rialacháin, treoracha agus cinntí atá i bhfeidhm arna nglacadh ag an gComhairle (agus) nó ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gCoimisiún; téacsanna iomlána na gConarthaí ó 2012.
    - Áirítear i n**Grúpa 2** reachtaíocht, comhaontuithe idirnáisiúnta, gníomhartha ullmhúcháin, cásdlí an Aontais, doiciméid de chuid Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa agus téacsanna iomlána na gConarthaí nach bhfuil san áireamh i ngrúpa 1.
    - Cuimsíonn **Grúpa 3** ceartúcháin agus na doiciméid eile go léir nach n-áirítear i ngrúpaí 1 agus 2.


  D'fhéadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú tréimhsiúil ar liosta na ndoiciméad i ngach grúpa.
- Teideal an doiciméid: Sórtáiltear na doiciméid de réir a dteideal in ord aibítre.
- Aitheantóir an doiciméid: Sórtáiltear na doiciméid de réir a n-aitheantóra CELEX. Tuilleadh eolais faoi CELEX
- Dáta an doiciméid: Sórtáiltear na doiciméid de réir dháta an doiciméid – is é sin na dátaí atá sa teideal, de ghnáth.

Is féidir leat a shonrú an mian leat na critéir thuas a chur i bhfeidhm in ord íslitheach nó in ord ardaitheach.
Má tá roinnt torthaí ann a mheaitseálann do chuardach, déanfar iad a liostú in ord ardaitheach trí úsáid a bhaint as an uimhir CELEX – is é an doiciméad lena ngabhann an uimhir CELEX is lú an chéad cheann a thaispeántar.
Bíonn critéir shórtála éagsúla ar fáil ag brath ar an gcineál cuardaigh a dhéantar (cuardach tapa, cuardach casta nó sainchuardach) agus ar an gcineál bailiúcháin atá roghnaithe sa chuardach casta.
Má tá tú **sínithe isteach**, is féidir leat na réamhshocruithe a mhodhnú faoi na **Sainroghanna cuardaigh** i do chuntas.


Tuilleadh eolais maidir le do shainroghanna cuardaigh a shocrú agus maidir le clárú.

# Liosta na dtorthaí a easpórtáil

1. Roghnaigh na torthaí is mian leat a easpórtáil trí thic a chur sna ticbhoscaí lena mbaineann roimh gach teideal.
   Is féidir leat liosta iomlán na dtorthaí a easpórtáil freisin ach cliceáil ar an gcnaipe **Easpórtáil** agus ansin ar **Easpórtáil gach rud**.




2. Roghnaigh an fhormáid easpórtála.
   Na formáidí easpórtála atá ar fáil: CSV, TSV, Microsoft Excel, XML agus PDF.



3. Roghnaigh an t-eolas (na meiteashonraí) is mian leat a chur san easpórtáil.
   Tá rogha de na meiteashonraí is coitianta le fáil sa táb **Rogha shimplí**.

   Faoin táb **Rogha chasta** is féidir rogha a dhéanamh as na meiteashonraí uile atá ar fáil.
4. Cliceáil **Easpórtáil**.

Ag brath ar do chóras oibriúcháin agus ar do bhrabhsálaí, íoslódálfar an comhad go huathoibríoch nó osclófar go huathoibríoch é. Taispeánann sé teidil agus meiteashonraí na dtorthaí easpórtáilte. Má easpórtálann tú do chuid torthaí i gcomhad PDF, is féidir leat cliceáil ar na teidil agus atreorófar thú chuig na doiciméid lena mbaineann ar EUR-Lex.
Is é 100 doiciméad an t-uasmhéid is féidir leat a easpórtáil. Má tá tú sínithe isteach, is féidir leat suas le 5 MB de shonraí a easpórtáil i bhformáid CSV.

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Cruthaigh cuntas

Is é 'EUR-Lex s'agamsa' do spás pearsanta féin ar EUR-Lex, áit a bhféadfaidh tú rochtain a fháil ar níos mó feidhmiúlachtaí ná mar atá ag úsáideoir nach bhfuil cláraithe.
Is féidir leat:

- **doiciméid** a shábháil
- **cuardaigh** a shábháil
- **fothaí RSS** a úsáid chun an scéal is déanaí a fháil faoi fhoilseachán nua ar bith ar thopaic roghnaithe
- líon mór doiciméad a **easpórtáil**
- **sainroghanna pearsanta** a shocrú, amharc ilteangach réamhshainithe san áireamh agus na teangacha is rogha leat ann
- le haghaidh úsáideoirí na seirbhíse gréasáin, **ionchur na seirbhíse gréasáin** a ghiniúint go huathoibríoch, ar a dtugtar 'teimpléad na seirbhíse gréasáin', **rud lena ngabhann cuardach** ar an suíomh gréasáin.

Chun clárú, níl le déanamh agat ach cuntas EU Login a chruthú .
Agus tú cláraithe, féadfaidh tú dul isteach i do spás pearsanta trí chliceáil ar '**EUR-Lex s' agamsa**' sa choirnéal thuas ar dheis de leathanach EUR-Lex ar bith.

# Sainroghanna

Mar úsáideoir cláraithe féadfaidh tú do shainroghanna taispeána a shainiú maidir leis an suíomh gréasáin agus le do thorthaí cuardaigh.
Nuair a bheidh tú sínithe isteach, cliceáil ar d'ainm atá ar taispeáint sa chúinne ar dheis ag barr an leathanaigh. Agus ansin roghnaigh **Sainroghanna** chun:

- do chuntas pearsanta a rochtain
- do shainroghanna suímh a nuashonrú
- do shainroghanna cuardaigh a nuashonrú.

I do chuntas pearsanta féadfaidh tú eolas do chuntais úsáideora a fheiceáil (ainm úsáideora, sloinne, céadainm agus seoladh ríomhphoist). Chun na sonraí sin a nuashonrú, cliceáil ar EU Login agus lean na treoracha ar shuíomh gréasáin **EU Login**.
Beidh ort síniú amach as EUR-Lex agus síniú isteach arís sula mbeidh tú in ann na hathruithe sin a fheiceáil.

Tá na roghanna taispeána liostaithe sa tábla thíos.
I ndiaidh duit do shainroghanna a shocrú, ná dearmad **Sábháil** a chliceáil ag bun an scáileáin chun iad a ghníomhachtú.

| | |
|---|---|
| Rogha teanga | An teanga réamhshocraithe ina dtaispeánfar na doiciméid (*má tá siad ar fáil sa teanga sin*). |
| Dara rogha teanga | An teanga ina dtaispeánfar doiciméad (*má tá sé ar fáil sa teanga sin*) mura bhfuil an doiciméad sin ar fáil i do chéad rogha teanga. |
| Tríú rogha teanga | An teanga ina dtaispeánfar doiciméad (*má tá sé ar fáil sa teanga sin*) mura bhfuil an doiciméad ar fáil i do chéad ná i do dhara rogha teanga. |
| Na heagráin is déanaí den Iris Oifigiúil | Eagráin den Iris Oifigiúil ón tseachtain seo caite, ón 2 sheachtain seo caite nó ón mí seo caite a thaispeáint. |
| Táb roghnaithe don amharc ar an | Socraigh an t-amharc a thaispeánfar gach uair a osclaíonn tú doiciméad. Féadfaidh tú ceann acu thíos a roghnú: Téacs, Eolas an Doiciméid, agus (i |

| | |
|---|---|
| doiciméad | gcás ina mbíonn fáil orthu) Nós Imeachta, Achoimre an Doiciméid nó Nós Imeachta Inmheánach |
| ‘Taispeáint ilteangach’ a thaispeáint don amharc ar an doiciméad | An rannán ‘Taispeáint ilteangach’ a chur i bhfolach nó a thaispeáint agus tú ag amharc ar dhoiciméid. |
| Teangacha agus formáidí a thaispeáint atá ar fáil don amharc ar an doiciméad | An rannán ‘Teangacha, formáidí agus naisc chuig IO’ a chur i bhfolach nó a thaispeáint agus tú ag amharc ar dhoiciméid. |
| Cas air comhlánú uathoibríoch | Má chuireann tú tic sa bhosca, tiocfaidh liosta moltaí aníos agus tú ag scríobh focal cuardaigh. |
| Cas air cabhair chomhthéacsúil | Má chuireann tú tic sa bhosca, tiocfaidh téacs gearr cabhrach aníos agus an luchóg á coinneáil os cionn critéar cuardaigh agat. |
| Úsáid naisc ELI (data.europa.eu) nuair is féidir | Má chuireann tú tic sa bhosca, úsáidfear an URI ELI leis na naisc chuig doiciméid in ionad uimhir thagartha an fhoilseacháin nó na huimhreach CELEX. |

Sa rannán ‘Sainroghanna cuardaigh’ féadfaidh tú an dóigh a dtaispeántar torthaí cuardaigh a oiriúnú trí phróifíl atá ann cheana a nuashonrú nó trí phróifílí nua a chruthú (cliceáil **Cuir próifíl nua leis**). Féadfaidh tú malartú ó phróifíl amháin go dtí próifíl eile nuair is mian leat.
I ndiaidh duit do shainroghanna a shocrú, cliceáil **Sábháil** nó **Sábháil agus socraigh mar réamhshocrú** más mian leat an phróifíl nua a úsáid mar réamhshocrú. Taispeánfar an phróifíl nua i liosta na bpróifílí.
I liosta na bpróifílí féadfaidh tú a shocrú cé acu próifíl an phróifíl réamhshocraithe trí **Socraigh an phróifíl sin mar réamhshocrú** a chliceáil. Próifílí nach bhfuil gnó agat leo a thuilleadh, féadfaidh tú iad sin a scriosadh chomh maith. Mura bhfuil ar an liosta ach próifíl amháin, ní fhéadfar an phróifíl sin a scriosadh.
Na gnéithe cuardaigh is féidir leat a oiriúnú, tá siad liostaithe sa tábla thíos.

| | |
|---|---|
| Ainm próifíle | Ní mór ainm uathúil a bheith ann. Ní féidir ainm a roghnú atá in úsáid le haghaidh próifíl eile cheana. |
| An líon torthaí in aghaidh an leathanaigh | Líon torthaí a shocrú atá le taispeáint in aghaidh an leathanaigh (5, 10 nó 20). |
| Critéir shórtála réamhshocraithe | Ord na dtorthaí cuardaigh a shocrú:<br>▪ de réir Ábharthachta, teideal an Doiciméid, aitheantóir an Doiciméid, dáta an Doiciméid, Údair, earnáil CELEX<br>▪ in ord ardaitheach nó íslitheach<br>Féadfaidh tú an dara critéar cuardaigh réamhshocraithe a chur leis trí **Tuilleadh** a chliceáil. Féadfaidh tú roinnt de na critéir sin a shocrú ar leathanach na dtorthaí cuardaigh. |
| Déan téarmaí cuardaigh a aibhsiú sna torthaí | Má chuireann tú tic sa bhosca, déanfar na téarmaí lena ndéanann tú cuardach a aibhsiú le dath gorm i liosta na dtorthaí. |
| | |

| | |
|---|---|
| An taispeáint ilteangach a ghníomhachtú | Má chuireann tú tic sa bhosca, beidh nasc díreach faoi gach toradh cuardaigh chuig an taispeáint ilteangach don doiciméad.<br>Féadfaidh tú na 3 theanga a thaispeánfar mar réamhshocrú a shocrú. |
| Meiteashonraí le taispeáint | Na meiteashonraí a thaispeánfar i dtorthaí do chuardaigh a shocrú. Is féidir meiteashonraí a roghnú ceann ar cheann (tic a chur sa bhosca taobh le gach ceann ar leith) nó mar ghrúpa (tic a chur sa bhosca taobh le hainm an ghrúpa).<br>Is éard atá sa **Rogha shimplí** rogha theoranta de na meiteashonraí is coitianta. Más mian leat rogha a dhéanamh as na meiteashonraí uile atá ar fáil, féach faoi **Rogha chasta**.<br>Tá roinnt meiteashonraí ann nach féidir a chliceáil: taispeántar na meiteashonraí sin mar réamhshocrú agus ní féidir iad a dhíroghnú. |

# Mo dhoiciméid


Agus tú sínithe isteach, cuireann an ghné seo ar do chumas fillteáin (**Mo dhoiciméid**) a chruthú agus a bhainistiú inar féidir leat doiciméid nó nósanna imeachta roghnaithe a shábháil agus a chomhroinnt.





Sa roghchlár anuas in **EUR-Lex s'agamsa**, léiríonn an uimhir idir lúibíní cá mhéad doiciméad sábháilte atá agat. Is féidir leat fillteán a ainmniú, 'doiciméid' a chur leis an bhfillteán céanna nó cinn nua a chruthú, ar ábhar eile mar shampla.
Thíos tá cur síos mionsonraithe céim ar chéim ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí éagsúla is féidir a dhéanamh leis an ngné seo.


Is féidir doiciméid a shábháil ó liosta na dtorthaí nó ón doiciméad féin.

1. I liosta na dtorthaí cuardaigh, is féidir doiciméad amháin nó níos mó a roghnú ach tic a chur sa bhosca ar an taobh clé de theideal an doiciméid agus ansin **Sábháil in Mo dhoiciméid** a chliceáil faoi **Critéir chuardaigh**.





Ar leathanach an doiciméid nó ar leathanach an nós imeachta, cliceáil **Sábháil in Mo dhoiciméid** sa roghchlár ar taobh na láimhe clé.






2. Osclóidh fuinneog agus iarrfar ort an fillteán a roghnú inar mian leat an doiciméad a shábháil. Seo na roghanna atá agat:
   - **Fillteán nua a chruthú** (ní féidir ainm a úsáid má tá fillteán eile ann cheana ar a bhfuil an t-ainm céanna). Is féidir nóta tráchta a scríobh sa réimse comhfhreagrach.
   - An fillteán réamhshocraithe.
   - Fillteán atá ann cheana.
3. Cliceáil ar **Sábháil** chun sin a dheimhniú.




Is féidir suas le 100 doiciméad a shábháil in **EUR-Lex s'agamsa**. Nuair a bheidh an líon sin de dhoiciméid sábháilte agat, beidh ort roinnt acu a scriosadh le go bhféadfaidh tú doiciméid nua a shábháil.
Is féidir leat doiciméid ar leith i bhfillteán a scriosadh, sin nó fillteáin iomlána a scriosadh in éineacht lena bhfuil iontu.
Cuir tic sa bhosca in aice le doiciméid na bhfillteán is mian leat a scriosadh. Más mian leat na doiciméid go léir i bhfillteán a scriosadh nó gach fillteán a scriosadh, cliceáil **Roghnaigh gach rud**.
Ansin cliceáil **Scrios a bhfuil roghnaithe**. Deimhnigh gur mian leat sin a dhéanamh trí **Scrios** a chliceáil.
Mura bhfuil JavaScript cumasaithe ar do bhrabhsálaí ní bheidh tú in ann níos mó ná doiciméad amháin nó fillteán amháin a scriosadh trí thicbhoscaí.

Is féidir naisc chuig na doiciméid atá agat i d'fhillteáin a sheoladh ar ríomhphost chuig daoine eile.


1. Roghnaigh na doiciméid is mian leat a sheoladh.
2. Cliceáil **Seol a bhfuil roghnaithe trí ríomhphost**.
3. Osclófar ríomhphost nua ina mbeidh naisc chuig na doiciméid a roghnaigh tú.

Is féidir leat do dhoiciméid a easpórtáil sna formáidí seo a leanas: PDF, CSV, TSV, Excel, XML.

1. Roghnaigh na doiciméid is mian leat a easpórtáil.
2. Cliceáil ar an gcnaipe **Easpórtáil** agus ansin roghnaigh **Easpórtáil a bhfuil roghnaithe**.
3. Más mian leat do dhoiciméid ar fad a easpórtáil, cliceáil ar an gcnaipe **Easpórtáil** agus ansin roghnaigh **Easpórtáil gach rud**.
4. Roghnaigh na meiteashonraí is mian leat a bheith ar taispeáint, sin agus formáid na heaspórtála.
5. Cliceáil ar an gcnaipe **Easpórtáil**.

Is féidir téacs agus meiteashonraí aon doiciméid shábháilte a phriontáil.

1. Cliceáil ar an deilbhín **Priontáil** atá taobh leis na doiciméid is mian leat a phriontáil. Ansin roghnaigh na meiteashonraí is mian leat a bheith ar taispeáint san asphrionta, agus roghnaigh formáid na priontála (HTML nó PDF).
2. Cliceáil **Priontáil** chun do roghanna a dheimhniú.
3. Taispeánfar téacs atá réidh don chló. Is féidir leat é a phriontáil trí úsáid a bhaint as roghchlár do bhrabhsálaí.




Is féidir cuardach a dhéanamh ar aon cheann de na doiciméid atá sábháilte agat.

1. Cliceáil ar an deilbhín **Déan cuardach ar an bhfillteán**.
2. Beidh ort ainm uathúil a thabhairt ar an gcuardach agus féadfaidh tú nóta tráchta a chur leis más mian leat.
3. Cliceáil **Sábháil** agus cuirfear cuardach nua leis an liosta in '*Mo chuardaigh/Mo chuardaigh shábháilte*'.

Leis an gcuardach sin taispeánfar na doiciméid a bhí san fhillteán nuair a chruthaigh tú an cuardach. Má chuireann tú doiciméid leis an bhfillteán níos déanaí, ní chuirfear iad leis an gcuardach sin.

D'fhéadfadh an ghné sin a bheith úsáideach, mar shampla, má theastaíonn uait tacar doiciméad a scriosadh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait amach anseo chun tagairt a dhéanamh dó. Agus an tacar doiciméad sábháilte agat mar chuardach, is féidir leat an cuardach a athdhéanamh agus na doiciméid a fháil arís tráth ar bith.

Ní féidir ach 50 cuardach a shábháil in **EUR-Lex s'agamsa** ag aon am amháin. Nuair a bheidh an líon sin de chuardaigh sábháilte agat, beidh ort roinnt acu a scriosadh le go bhféadfaidh tú cuardaigh nua a shábháil.

Sa bhreis air sin, féadfaidh tú fothaí pearsantaithe RSS a chruthú le go mbeidh tú ar an eolas faoi aon athrú a dhéanfaí ar na doiciméid sin.

Conas foláireamh a chruthú (fotha RSS) le haghaidh do chuardaigh shábháilte.

My saved items





Is féidir leat ainmneacha d’fhillteán féin a mhodhnú agus nótaí tráchta a chur leo nó a athrú:


1. Cliceáil ar an deilbhín **Modhnaigh sonraí an fhillteáin** taobh leis an bhfillteán is mian leat a mhodhnú.
2. Iontráil aon athrú is mian leat a dhéanamh sna réimsí *Ainm* agus/nó *Nóta tráchta* agus cliceáil **Sábháil**.


# Mo chuardaigh

Is bealach gasta é ‘Mo chuardaigh’ chun cuardaigh atá déanta agat cheana a dhéanamh arís, gan aon ghá na critéir chuardaigh a iontráil athuair.
Sábháiltear gach cuardach a dhéanann tú le linn seisiúin ar EUR-Lex, fiú mura bhfuil tú sínithe isteach.
Is féidir teacht ar na cuardaigh a rinne tú le déanaí trí chliceáil ar **EUR-Lex s’agamsa** agus ansin **Mo chuardaigh is déanaí**.




Tá gach cuardach a rinne tú le déanaí liostaithe le chéile, mar aon le faisnéis amhail: an cineál cuardaigh (cuardach tapa/cuardach casta/sainchuardach), an fearann/fofhearann, an dáta agus an t-am, an teanga agus líon na dtorthaí.
Más cuardach casta nó sainchuardach é an cuardach a rinne tú, is féidir é a chur in eagar ach cliceáil ar dheilbhín an phinn luaidhe .
Is féidir na cuardaigh a rinne tú le déanaí a dhéanamh arís ach cliceáil ar dheilbhín na gloine formhéadúcháin . Ós rud é gur minic a chuirtear doiciméid nua le EUR-Lex, d’fhéadfadh sé tarlú, agus an cuardach céanna á dhéanamh agat arís, go bhfaighfeá torthaí cuardaigh atá éagsúil leis na cinn a fuair tú roimhe faoi na critéir chéanna.
Agus má tá tú sínithe isteach, is féidir leat do chuardaigh is déanaí a shábháil ach an deilbhín **Sábháil** a chliceáil .
Is é an buntáiste atá leis sin gur féidir leat ainm a bhfuil brí leis a thabhairt ar gach cuardach chun cabhrú leat iad a roghnú ón liosta ar bhealach níos éasca – rud atá úsáideach go háirithe i gcás cuardaigh a dhéanann tú arís agus arís eile.







Is féidir leat cuardaigh a shábháil ó ‘Mo chuardaigh is déanaí’ nó ó leathanach na dtorthaí cuardaigh.

## Do chuardaigh a shábháil ó ‘Mo chuardaigh is déanaí’

1. Aimsigh an cuardach is mian leat a shábháil agus cliceáil ar an deilbhín **Sábháil**.





2. San fhuinneog aníos, clóscríobh ainm uathúil le haghaidh an chuardaigh (éigeantach) chomh maith le nóta tráchta (roghnach).





- Cliceáil **Sábháil**.
- Sábhálfar an cuardach agus beidh sé le feiceáil i ‘Mo chuardaigh shábháilte’.

## Do chuardaigh a shábháil ó leathanach na dtorthaí cuardaigh

1. Ar leathanach na dtorthaí cuardaigh, cliceáil **Sábháil in Mo chuardaigh** atá ag barr an leathanaigh.





2. San fhuinneog a thaispeántar, clóscríobh ainm uathúil le haghaidh do chuardaigh (éigeantach) chomh maith le nóta tráchta (roghnach).




3. Cliceáil **Sábháil**.
4. Sábhálfar an cuardach.

## Do chuardaigh shábháilte a rochtain agus a bhainistiú

Ní féidir leat rochtain a fháil ar do chuardaigh shábháilte ach amháin más úsáideoir cláraithe thú atá sínithe isteach.
Cliceáil **Mo chuardaigh shábháilte**.




Tá gach cuardach atá sábháilte agat liostaithe le chéile, mar aon le faisnéis amhail an cineál cuardaigh (cuardach tapa/cuardach casta/sainchuardach), an fearann/fofhearann, an teanga, an raon cuardaigh, líon na dtorthaí, an dáta agus an t-am.

Do chuardaigh shábháilte a chur in eagar

Más cuardach casta nó sainchuardach é an cuardach a rinne tú, is féidir é a chur in eagar ach cliceáil ar dheilbhín an phinn luaidhe . Ní féidir Cuardach tapa a chur in eagar.

Is féidir leat an t-ainm agus an nóta tráchta ar do chuardach sábháilte a athrú ach cliceáil ar an dara deilbhín den pheann luaidhe .

Do chuardaigh shábháilte a dhéanamh arís

Is féidir leat do chuardaigh shábháilte a dhéanamh arís trí chliceáil ar an n**gloine formhéadúcháin** . Ós rud é go gcuirtear doiciméid nua le EUR-Lex gach lá, d'fhéadfadh sé tarlú, agus an cuardach céanna á dhéanamh agat arís, go bhfaighfeá torthaí cuardaigh atá éagsúil leis na cinn a fuair tú roimhe faoi na critéir chéanna.

Foláirimh (fothaí RSS) a chruthú ó do chuardaigh shábháilte

Ina theannta sin is féidir leat leaganacha pearsantaithe a chruthú d'fhorláirimh (fothaí RSS) bunaithe ar chuardach sábháilte.

Cuardaigh shábháilte a scriosadh

Tá an líon cuardach is féidir leat a shábháil teoranta do 50. D'fhéadfadh sé go mbeadh ort seanchuardaigh a scriosadh chun spás a dhéanamh do chuardaigh nua.


Marcáil na cuardaigh is mian leat a scriosadh trí thic a chur sna ticbhoscaí lena mbaineann, nó cliceáil **Roghnaigh gach rud**. Cliceáil **Scrios na míreanna roghnaithe** agus ansin cliceáil **Scrios** san fhuinneog a phreabann aníos.





Mura bhfuil JavaScript cumasaithe ar do bhrabhsálaí, ní bheidh tú in ann níos mó ná mír amháin a scriosadh trí na ticbhoscaí a úsáid. Beidh ort gach mír a scriosadh ina gceann agus ina gceann.

Is féidir leat do chuardaigh shábháilte agus na cuardaigh is déanaí a rinne tú a chomhcheangal chun cuardach nua a chruthú.

Ach ní féidir leat ach cuardaigh **den chineál céanna** a chomhcheangal: i.e. cuardaigh thapa amháin, cuardaigh chasta amháin nó sainchuardaigh amháin, agus iad ar fad **sa teanga chéanna**.






Sa réimse 'Cuardach comhcheangailte', is féidir cuardach a dhéanamh ach aitheantóirí cuardaigh éagsúla ("Id" sa chéad cholún de 'Mo chuardaigh shábháilte' agus 'Mo chuardaigh is déanaí') a cheangal le ceann de na trí oibreoir AND, OR nó NOT.
Is san ord seo a leanas a dhéantar na hoibreoirí cuardaigh a phróiseáil: NOT → AND → OR.

Samplaí

1 AND 2 OR 3 → seiceálann an córas 1 AND 2 ar dtús agus ansin OR 3.
1 AND 2 NOT 3 → seiceálann an córas 2 NOT 3 ar dtús agus ansin 1 AND.
Is féidir an t-ord tosaíochta sin a athrú ach lúibíní a úsáid.

Samplaí

(1 AND 2) OR 3 → seiceálann an córas 1 AND 2 ar dtús agus ansin NOT 3.

Cliceáil **Seiceáil comhréir** lena chinntiú go n-oibreoidh an cuardach. Má tá an chomhréir ceart, taispeánfar an teachtaireacht 'Tá an cuardach bailí'. Má tá fadhb leis an gcomhréir, taispeánfar teachtaireacht earráide ina n-iarrfar ort athruithe a chur i bhfeidhm.

Cliceáil **Cuardaigh** agus taispeánfar na torthaí.

Nuair a dhéantar cuardach comhcheangailte, is sainchuardach é i ndáiríre de réir an chórais – má theastaíonn uait sin a athrú níos déanaí, osclófar leathanach an tsainchuardaigh.

an tAontas Eorpach


# EUR-Lex

Rochtain ar dhlí an Aontais Eorpaigh

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Mo chuid foláireamh ríomhphoist


Is féidir leat fanacht ar an eolas faoi fhoilseacháin nua ar EUR-Lex a bhaineann le doiciméid agus nósanna imeachta trí fholáirimh ríomhphoist a chruthú.
Chun sin a dhéanamh, ní mór duit a bheith i d'úsáideoir cláraithe agus logáilte isteach.
Murar úsáideoir cláraithe thú fós, cliceáil ar **EUR-Lex s'agamsa** ar dheis ar bharr gach leathanaigh in EUR-Lex agus ansin cliceáil ar **Cláraigh**. Atreorófar chuig leathanach EU Login thú mar ar féidir leat do chuntas a chruthú.
Chun síniú isteach, cliceáil ar **EUR-Lex s'agamsa** atá ar thaobh na láimhe deise ar bharr gach leathanaigh in EUR-Lex agus ansin **Sínigh isteach**. Cuir isteach do dhintiúir.




Trí fholáirimh ríomhphoist a chruthú ar EUR-Lex is féidir leat fanacht ar an eolas faoi nuashonruithe a bhaineann le doiciméid an Aontais amhail reachtaíocht, comhaontuithe idirnáisiúnta, doiciméid ullmhúcháin nó cásdlí.

1. Ar an leathanach ar a dtaispeántar an doiciméad a bhfuil suim agat ann, cliceáil ar **Cruthaigh foláireamh ríomhphoist** sa roghchlár ar chlé.






Mura bhfuil tú sínithe isteach go fóill, iarrfaidh an córas ort é sin a dhéanamh.

2. Sa bhosca a thagann aníos, tabhair ainm ar d’fholáireamh ríomhphoist (éigeantach), cuir nóta tráchta leis (roghnach) agus roghnaigh na nuashonruithe ar mhaith leat go gcuirfí ar an eolas thú fúthu:
   - modhnuithe ar an doiciméad,
   - gníomhartha ullmhúcháin a glacadh níos déanaí lenar modhnaíodh an doiciméad,
   - cásdlí a imríonn tionchar ar an doiciméad,
   - leaganacha comhdhlúite den doiciméad,
   - doiciméid eile ina bhfuil trácht ar an doiciméad,
   - doiciméid arb é an doiciméad an bunús dlí atá leo (mar shampla gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe).

   De réir réamhshocraithe, roghnaítear na chéad cheithre rogha.
3. Cliceáil ar **Sábháil** chun an foláireamh ríomhphoist a chruthú.

Gach uair a fhoilseoidh EUR-Lex doiciméad nua a bhaineann le d’fholáireamh, gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh nasc chuig an doiciméad sin.

Áiríonn an córas gach foláireamh a chruthaíonn tú (foláirimh RSS agus foláirimh ríomhphoist) mar chuardach sábháilte amháin agus cuireann sé le líon iomlán na gcuardach sábháilte i do spás pearsanta é. Is féidir leat suas le 50 cuardach sábháilte a bheith agat.

Is féidir foláirimh ríomhphoist a chruthú chun fanacht ar an eolas faoi aon nuashonrú ar EUR-Lex a bhaineann le nós imeachta reachtóireachta ar leith.

1. Ar an leathanach a thaispeánann an nós imeachta is mian leat a leanúint, cliceáil ar Cruthaigh foláireamh ríomhphoist sa roghchlár ar chlé.







Mura bhfuil tú sínithe isteach go fóill, iarrfaidh an córas ort é sin a dhéanamh.

2. Sa bhosca a thagann aníos, tabhair ainm ar d'fholáireamh ríomhphoist (éigeantach) agus cuir nóta tráchta leis (roghnach).
3. Cliceáil ar **Sábháil** chun an foláireamh ríomhphoist a chruthú.

Le haghaidh gach foláirimh a chruthaítear, cuirtear cuardach sábháilte le 'Mo chuardaigh shábháilte'.
Is féidir leat foláirimh nua a chur leis, suas le 50 acu (sin uasteorainn na gcuardach sábháilte sa chóras).
Gach uair a fhoilseoidh EUR-Lex doiciméad nua a bhaineann le d'fholáireamh, gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh nasc chuig an doiciméad sin.
Áiríonn an córas gach foláireamh a chruthaíonn tú (foláirimh RSS agus foláirimh ríomhphoist) mar chuardach sábháilte amháin agus cuireann sé le líon iomlán na gcuardach sábháilte i do spás pearsanta é. Is féidir leat suas le 50 cuardach sábháilte a bheith agat.

1. Cliceáil ar **EUR-Lex s'agamsa** atá ar thaobh na láimhe deise ar bharr gach leathanaigh in EUR-Lex agus ansin ar **Sínigh isteach**.
2. Cliceáil ar **Mo chuid foláireamh ríomhphoist**.



3 Liostaítear i dtábla na foláirimh ríomhphoist go léir atá agat.

## My email alerts

Delete selected | Select all / Deselect all

### Documents

| Name | Last update | Edit | |
|---|---|---|---|
| My email alert 1 [View search] | 2024-12-31T20:10:26.804+0100 | | |
| My email alert 2 [View search] | 2024-12-31T19:42:13.970+0100 | | |
| My email alert 3 [View search] | 2024-12-31T19:42:13.970+0100 | | |

### Procedures

| Name | Last update | Edit | |
|---|---|---|---|
| My email alert 4 [View search] | 05/09/2024 13:31:31 | | |


Beidh an t-eolas seo a leanas le feiceáil le haghaidh gach foláirimh ríomhphoist:

- Ainm an fholáirimh ríomhphoist. Cliceáil air chun an doiciméad nó an nós imeachta ar a bhfuil an foláireamh bunaithe a thaispeáint.
- Nasc ar a dtugtar **Féach ar an gcuardach** chun na paraiméadair chuardaigh a fheiceáil a bhaineann leis an bhfoláireamh.
- Dáta agus am an nuashonraithe dheireanaigh ar an bhfoláireamh.
- Deilbhín **eagarthóireachta**. Cliceáil air chun ainm an fholáirimh ríomhphoist, an nóta tráchta roghnach agus na nuashonruithe ar mian leat a bheith ar an eolas fúthu a athrú.

Is féidir leat foláirimh a chruthú freisin trí fhothaí RSS a úsáid. Féach ár leathanach tiomnaithe maidir le fothaí RSS chun tuilleadh eolais a fháil.

# Mo chuid foláireamh RSS


Is féidir leat fanacht ar an eolas faoi nuashonruithe ar EUR-Lex a bhaineann le doiciméid, nósanna imeachta nó cuardaigh trí fholáirimh RSS a chruthú.
Chun sin a dhéanamh, ní mór duit a bheith i d'úsáideoir cláraithe agus logáilte isteach.
Murar úsáideoir cláraithe thú fós, cliceáil ar **EUR-Lex s'agamsa** ar dheis ar bharr gach leathanaigh in EUR-Lex agus ansin cliceáil ar **Cláraigh**. Atreorófar chuig leathanach EU Login thú mar ar féidir leat do chuntas a chruthú.
Chun síniú isteach, cliceáil ar **EUR-Lex s'agamsa** atá ar thaobh na láimhe deise ar bharr gach leathanaigh in EUR-Lex agus ansin ar **Sínigh isteach**. Cuir isteach do dhintiúir.




Trí fholáirimh RSS a chruthú ar EUR-Lex is féidir leat fanacht ar an eolas faoi nuashonruithe a bhaineann le doiciméid an Aontais amhail reachtaíocht, comhaontuithe idirnáisiúnta, doiciméid ullmhúcháin nó cásdlí.

1. Ar an leathanach ar a dtaispeántar an doiciméad a bhfuil suim agat ann, cliceáil ar **Cruthaigh foláireamh RSS** sa roghchlár ar chlé.






Mura bhfuil tú sínithe isteach go fóill, iarrfaidh an córas ort é sin a dhéanamh.

- Sa bhosca a thagann aníos, tabhair ainm ar d'fholáireamh RSS (éigeantach), cuir nóta tráchta leis (roghnach) agus roghnaigh na nuashonruithe ar mhaith leat go gcuirfí ar an eolas thú fúthu:
- modhnuithe ar an doiciméad,
- gníomhartha ullmhúcháin a glacadh níos déanaí lenar athraíodh an doiciméad,
- cásdlí a imríonn tionchar ar an doiciméad,
- leaganacha comhdhlúite den doiciméad,
- doiciméid a bhaineann leis an doiciméad,
- doiciméid eile ina bhfuil trácht ar an doiciméad,
- doiciméid arb é an doiciméad an bunús dlí atá leo (mar shampla gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe).

De réir réamhshocraithe, roghnaítear na chéad cheithre rogha.

- Cliceáil **Sábháil** chun an foláireamh RSS a chruthú.

Gach uair a fhoilsíonn EUR-Lex doiciméad nua a bhaineann le d'fholáireamh, cuirfear leis an bhfotha RSS lena mbaineann é.
Áiríonn an córas gach foláireamh a chruthaíonn tú (foláirimh RSS agus foláirimh ríomhphoist) mar chuardach sábháilte amháin agus cuireann sé le líon iomlán na gcuardach sábháilte i do spás pearsanta é. Is féidir leat suas le 50 cuardach sábháilte a bheith agat.
Is féidir foláirimh RSS réamhshainithe a úsáid freisin le haghaidh roinnt catagóirí réamhshainithe doiciméad (e.g. reachtaíocht uile na Parlaiminte agus na Comhairle, tograí uile an Choimisiúin agus doiciméid ghaolmhara) agus eagráin den Iris Oifigiúil.
Is féidir foláirimh RSS a chruthú chun fanacht ar an eolas faoi aon nuashonrú ar EUR-Lex a bhaineann le nós imeachta reachtóireachta ar leith.

1. Ar an leathanach a thaispeánann an nós imeachta is mian leat a leanúint, cliceáil **Cruthaigh foláireamh RSS** sa roghchlár ar chlé.





Mura bhfuil tú sínithe isteach go fóill, iarrfaidh an córas ort é sin a dhéanamh.


- Sa bhosca a thagann aníos, tabhair ainm ar d'fholáireamh RSS (éigeantach) agus cuir nóta tráchta leis (roghnach).
- Cliceáil **Sábháil** chun an foláireamh RSS a chruthú.

Gach uair a fhoilsíonn EUR-Lex doiciméad nua a bhaineann le d'fholáireamh, cuirfear leis an bhfotha RSS lena mbaineann é.
Áiríonn an córas gach foláireamh a chruthaíonn tú (foláirimh RSS agus foláirimh ríomhphoist) mar chuardach sábháilte amháin agus cuireann sé le líon iomlán na gcuardach sábháilte i do spás pearsanta é. Is féidir leat suas le 50 cuardach sábháilte a bheith agat.
Is féidir foláirimh RSS a chruthú a bhaineann le cuardaigh.
Tá sé sin úsáideach go háirithe más mian leat a bheith ar an eolas faoi nuashonruithe a bhaineann le topaic ar leith, cineál sonrach doiciméid, institiúid nó comhlacht ar leith, etc.
Gach uair a fhoilsíonn EUR-Lex doiciméad atá ag teacht le critéir do chuardaigh, cuirfear leis an bhfotha RSS lena mbaineann é.


1 Do chuardach a dhéanamh

Is féidir cuardach a dhéanamh ar bhealaí éagsúla ar EUR-Lex, ag brath ar do chuid riachtanas.
Leis an gcuardach casta is féidir leat cuardaigh bheachta a chruthú bunaithe ar raon leathan critéar, amhail téamaí ó stór focal EuroVoc (e.g. 'cosaint an chomhshaoil'), cineálacha doiciméad, údair agus cineálacha dátaí.






- I liosta na dtorthaí, cliceáil **Cruthaigh i mo chuid foláireamh RSS**.




- Sa bhosca a thagann aníos, tabhair ainm ar d’fholáireamh RSS (éigeantach) agus cuir nóta tráchta leis (roghnach).
- Cliceáil **Sábháil** chun an foláireamh RSS a chruthú.

Chun léargas breise a fháil ar conas foláirimh RSS a chruthú ó chuardaigh, féach ar an dá shampla mhionsonraithe seo a leanas bunaithe ar chásanna úsáide nithiúla.


Conas foláireamh RSS a chruthú i dtaca le doiciméid a bhaineann le bearta sriantacha a chuireann an tAontas Eorpach i bhfeidhm

Conas foláireamh RSS a chruthú maidir le doiciméid a bhaineann leis an bhfliú éanúil


Áiríonn an córas gach foláireamh a chruthaíonn tú (foláirimh RSS agus foláirimh ríomhphoist) mar chuardach sábháilte amháin agus cuireann sé le líon iomlán na gcuardach sábháilte i do spás pearsanta é. Is féidir leat suas le 50 cuardach sábháilte a bheith agat.

Is féidir foláirimh RSS a chruthú a bhaineann le do chuardaigh shábháilte.

1. Cliceáil ar **EUR-Lex s’agamsa** atá ar thaobh na láimhe deise ar bharr gach leathanaigh in EUR-Lex agus ansin ar **Sínigh isteach**.
2. Cliceáil ar **Mo chuardaigh shábháilte**.





- Roghnaigh cuardach amháin nó níos mó trí na ticbhoscaí a úsáid agus cliceáil ar **Déan foláirimh de na míreanna roghnaithe (Fothaí RSS)**.






Bíonn na cuardaigh ar fad atá nasctha le foláireamh RSS marcáilte le deilbhín sonrach. Áiríonn an córas gach foláireamh a chruthaíonn tú (foláirimh RSS agus foláirimh ríomhphoist) mar chuardach sábháilte amháin agus cuireann sé le líon iomlán na gcuardach sábháilte i do spás pearsanta é. Is féidir leat suas le 50 cuardach sábháilte a bheith agat.

1. Cliceáil ar **EUR-Lex s'agamsa** atá ar thaobh na láimhe deise ar bharr gach leathanaigh in EUR-Lex agus ansin ar **Sínigh isteach**.
2. Cliceáil ar **Mo chuid foláireamh RSS**.




- Liostaítear i dtábla na foláirimh RSS go léir atá agat.






- Chun liosta de na doiciméid is déanaí a bhaineann le foláireamh RSS a fheiceáil, cliceáil ar a ainm sa tábla.
- Cliceáil ar **Féach ar an gcuardach** chun achoimre a fheiceáil ar na critéir chuardaigh a bhaineann le foláireamh RSS.

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Eolas faoin Iris Oifigiúil

Is í *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an foilseachán oifigiúil le haghaidh ghníomhartha dlí an Aontais.
Is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a fhoilsíonn í, gach lá ón Luan go dtí an Aoine i 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh.
I gcásanna práinne foilsítear an Iris Oifigiúil ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar laethanta saoire poiblí.
Tá cóipeanna leictreonacha de gach Iris Oifigiúil ón gcéad eagrán i leith ar fáil in EUR-Lex.
Amhail ón 1 Iúil 2013, is iad na leaganacha leictreonacha d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus na leaganacha sin amháin, atá barántúil agus ag a mbíonn éifeachtaí dlí.
Amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2023, ní comhthiomsú gníomhartha agus clár ábhair atá san Iris Oifigiúil a thuilleadh. Is amhlaidh a fhoilsítear gach gníomh ina aonar mar Iris Oifigiúil bharántúil i bhformáid PDF.
Is féidir leagan clóite neamhbharántúil d'eagrán den Iris Oifigiúil a cheannach trí Thairseach Oifig na bhFoilseachán . Ós rud é go gcruthaítear na leaganacha clóite sin ar éileamh, tá táillí priontála agus postais i gceist leo.
Tá tuilleadh eolais ar fáil ag *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
Sa bhosca 'Iris Oifigiúil' ar an leathanach baile tá naisc chuig na foilseacháin is déanaí.
Feicfidh tú ansin cé mhéad gníomhartha de shraith L agus de shraith C atá ar fáil don lá.



Má chliceálann tú ar ‘Iris Oifigiúil’ tabharfar chuig leathanach na hIrise Oifigiúla thú agus roghanna cuardaigh ann le haghaidh gach eagráin.
Ansin, is féidir leat cuardach a dhéanamh trí raon dátaí nó tagairtí sonracha a shonrú, amhail bliain an fhoilsithe, an tsraith agus uimhir dhoiciméid na hIrise Oifigiúla atá á lorg agat.
Tá na gníomhartha is déanaí a foilsíodh ar fáil go díreach freisin.
Is de réir dátaí agus sraithe a shórtáiltear torthaí do chuardaigh.
Maidir leis na hIrisí Oifigiúla a foilsíodh suas go dtí an 30/09/2023, taispeántar in EUR-Lex na tagairtí do na hIrisí Oifigiúla a foilsíodh ar dháta sonrach le haghaidh sraith L agus sraith C. Cliceáil orthu sin chun teacht ar na leathanaigh ghaolmhara den Iris Oifigiúil.
I gcás na nIrisí Oifigiúla a foilsíodh ón 01/10/2023 ar aghaidh, taispeántar in EUR-Lex líon na nIrisí Oifigiúla le haghaidh gach sraithe ar dháta sonrach. Cliceáil ar na naisc chun teacht ar an radharc laethúil ar an tsraith ghaolmhar.
Trí úsáid a bhaint as an roghchlár ar thaobh na láimhe clé, is féidir leat teacht ar na leathanaigh shonracha seo a leanas a bhaineann leis an Iris Oifigiúil:

- An radharc laethúil ar Shraith L den Iris Oifigiúil
- An radharc laethúil ar Shraith C den Iris Oifigiúil
- Féach tríd an Iris Oifigiúil
- Eagráin chlóbhuailte a bhfuil éifeacht dlí acu
- Eagráin speisialta.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar na leathanaigh seo, téigh chuig roghchlár na leathanach cabhrach agus cliceáil ar na naisc thiomnaithe.

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Sraitheanna agus foshraitheanna na hIrise Oifigiúla

Ó mhí Eanáir 1968 i leith, tá dhá shraith san Iris Oifigiúil:

- L – Reachtaíocht
- C – Faisnéis agus fógraí (seasann C don fhocal Fraincise 'communications').

Cruthaíodh roinnt foshraitheanna i gcaitheamh na mblianta chomh maith (tá tuilleadh sonraí sa tábla thíos), ach cuireadh deireadh leo nuair a tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú gníomh ar ghníomh.
Is féidir leat féachaint ar struchtúr na hIrise Oifigiúla sular aistríodh í go foilseachán gníomh ar ghníomh an 1 Deireadh Fómhair 2023. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi struchtúr na hIrise Oifigiúla, féach an Treoir Stíle Idirinstitiúideach .
Tá sonraí sa tábla thíos faoi struchtúr na hIrise Oifigiúla.

| Sraith L | Ábhar |
| --- | --- |
| **L** (**Reachtaíocht**) (e.g. IO L 067 – sular tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú gníomh ar ghníomh) | Reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh a bhíonn inti. |
| ***Foshraith*** | |
| **LI** (**Ar leithlis**) (e.g. IO L 011I – sular tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a | Foshraith a tugadh isteach chun pleanáil agus uimhriú IO a dhéanamh níos solúbtha.<br>Baineadh úsáid aisti den chéad uair an 16 Eanáir 2016 (L 011I).<br>Cuireadh deireadh leis nuair a tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú gníomh ar ghníomh. |

| | |
|---|---|
| fhoilsiú gníomh ar ghníomh) | |
| **LM** (e.g. IO L 118M – sular tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú gníomh ar ghníomh) | Go dtí seo is chun riaráiste an ábhair i Máltais a fhoilsiú a baineadh úsáid as an bhfoshraith M. (Tar éis do Mhálta dul isteach san Aontas Eorpach in 2004, níor foilsíodh gach gníomh i Máltais i dtús báire.) |

| Sraith C | Ábhar |
|---|---|
| **C** (**Faisnéis agus fógraí**) (e.g. IO C 100 – sular tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú gníomh ar ghníomh) | Doiciméid oifigiúla eile ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. |
| ***Foshraith*** | |
| **CA** (**Iarscríbhinn**) (e.g. IO C 019A – sular tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú gníomh ar ghníomh) | Fógraí folúntais agus glaonna ar léiriú spéise a bhíonn inti. Féadtar í a fhoilsiú in aon teanga oifigiúil amháin, i roinnt acu, nó i ngach ceann acu.<br>Cuireadh deireadh leis nuair a tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú gníomh ar ghníomh. |
| **CI** (**Ar leithlis**) (e.g. IO C 015I – sular tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú gníomh ar ghníomh) | Foshraith a tugadh isteach chun pleanáil agus uimhriú IO a dhéanamh níos solúbtha.<br>Baineadh úsáid aisti den chéad uair an 16 Eanáir 2016 (C 015I).<br>Cuireadh deireadh leis nuair a tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú gníomh ar ghníomh. |

## Sraitheanna stairiúla

- Sraith A agus sraith P – le haghaidh gníomhartha reachtacha a foilsíodh roimh 1967.
- Foshraith CE – le haghaidh doiciméid leictreonacha a foilsíodh idir 1999 agus 2014.

| Sraitheanna stairiúla A agus P | Ábhar |
|---|---|


| | |
|---|---|
| **A** (1952-1958)<br>(e.g. IO A 038) | Is don fhocal Fraincise 'antérieur' a sheasann 'A' , i.e. *sular bunaíodh* na Comhphobail Eorpacha. Cuimsíonn sí gníomhartha reachtacha ón tréimhse idir 1952 agus Aibreán 1958. |
| **P** (1958-1967)<br>(e.g. IO P 050) | Is don fhocal Fraincise 'postérieur' a sheasann 'P', i.e. *tar éis* bhunú na gComhphobal Eorpach. Cuimsíonn sí gníomhartha reachtacha ón tréimhse idir Bealtaine 1958 agus 1967. |
| ***Foshraith*** | |
| **CE** (**Leictreonach**)<br>(e.g. IO C 296E) | Le haghaidh doiciméid leictreonacha amháin.<br>Foilsíodh í idir an 31 Lúnasa 1999 agus an 31 Márta 2014, ar iarratas sa chéad áit ón gCoimisiún, le haghaidh doiciméid COM. Ina dhiaidh sin, bhain siad seo a leanas úsáid freisin as an bhfoshraith:<br>▪ an Chomhairle – chun comhsheasaimh a fhoilsiú<br>▪ Parlaimint na hEorpa – le haghaidh cineálacha éagsúla doiciméad (miontuairiscí suíonna iomlánacha, téacsanna a glacadh, ceisteanna scríofa).<br>I gcás doiciméid a d'fhoilsítí roimhe sin mar chuid den fhoshraith seo, is amhlaidh a fhoilsítear anois iad mar chuid den tsraith C. |

## Eagráin speisialta

| Eagráin speisialta | Ábhar |
|---|---|
| | Foilsítear eagrán speisialta nuair a dhéantar Ballstát den Aontas Eorpach de thír. Is éard atá ann reachtaíocht uile an Aontais atá i bhfeidhm tráth an aontachais (an '*acquis*'), agus í aistrithe go teanga oifigiúil na tíre sin. Tosaítear ar ghníomhartha a aistriú agus a fhoilsiú le haghaidh na n-eagrán speisialta roimh dhul isteach san Aontas don tír, agus is iondúil go dtugtar an obair sin chun críche go gairid tar éis di teacht isteach.<br>Roinntear na heagráin speisialta ina 20 caibidil de réir an Eolaire ar ghníomhartha dlí atá i bhfeidhm. Bíonn imleabhar amháin nó níos mó i ngach ceann díobh.<br>I ndiaidh do thír dul isteach san Aontas, ní hamháin go bhfoilsítear na gníomhartha san eagrán speisialta ach bíonn teacht orthu feasta freisin in EUR-Lex. Féadfaidh tú na heagráin speisialta a bhrabhsáil. |

# Féach tríd an Iris Oifigiúil

Tá go leor roghanna nua scagtha ar fáil ar an leathanach ‘Féach tríd an Iris Oifigiúil’.
Is féidir rochtain a fháil ar an leathanach sin ón roghchlár ar thaobh na láimhe clé de na leathanaigh seo a leanas: ‘An Iris Oifigiúil a rochtain’, ‘Radharc laethúil ar shraith L den Iris Oifigiúil’, ‘Radharc laethúil ar shraith C den Iris Oifigiúil’, ‘Féach tríd an Iris Oifigiúil’, ‘Eagráin chlóite atá ceangailteach ó thaobh dlí’ agus ‘Eagráin speisialta’.
Ag barr an leathanaigh tá dhá chnaipe ann lenar féidir leat Irisí Oifigiúla an lae nó na hIrisí Oifigiúla ó na 7 lá anuas a thaispeáint.
Is féidir leat cuardach a dhéanamh chomh maith ar na hIrisí Oifigiúla uile a foilsíodh laistigh de raon sonrach dátaí.





Ar thaobh na láimhe clé den leathanach, is féidir leat na hIrisí Oifigiúla a scagadh de réir réimse leathan critéar.
Leis na scagairí ar bharr an liosta, is féidir leat na hIrisí Oifigiúla a bhaineann leis an méid seo a leanas a roghnú:


- imeachtaí cúirte;
- fógraí faoi chomórtais an Aontais agus doiciméid eile a bhaineann le himeachtaí roghnúcháin;
- seisiúin Pharlaimint na hEorpa nó seisiúin Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, mar shampla;
- ábhair shonracha amhail COVID-19 nó Brexit.

Tá dath gorm ar na scagairí a thagraíonn do roinnt Irisí Oifigiúla i liosta na dtorthaí agus is féidir iad a roghnú. Seachas sin, bíonn siad neamhghníomhach agus bíonn dath liath orthu.
Is féidir na hIrisí Oifigiúla a scagadh de réir na sraithe (L nó C), de réir an údair agus de réir an chineáil gnímh. Bíonn na scagairí sin gníomhach i gcónaí.






I liostaí na dtorthaí tá deilbhín fillteáin ann agus nasc ina dhiaidh sin faoi theideal gach doiciméid atá mar chuid de sheisiún Pharlaimint na hEorpa, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus Choiste na Réigiún.




Má tá teideal den seisiún sin ar fáil, taispeántar é seachas an uimhir/tagairt bliana.




2020

EUROPEAN PARLIAMENT 2022–2023 SESSION Sittings of 27.4.2022 to 4.5.2022

Decision (EU) 2022/1686 of the European Parliament of 4 May 2022 on discharge in respect of the implementation of the general budget of the European Union for the financial year 2020, Section I – European Parliament

EUROPEAN PARLIAMENT 2022–2023 SESSION Sittings of 27.4.2022 to 4.5.2022


Decision (EU, EURATOM) 2022/1690 of the European Parliament of 4 May 2022 on discharge in respect of the implementation of the general budget of the European Union for the financial year 2020, Section III – Commission

EUROPEAN PARLIAMENT 2022–2023 SESSION Sittings of 27.4.2022 to 4.5.2022

Decision (EU, Euratom) 2022/1691 of the European Parliament of 4 May 2022 on discharge in respect of the implementation of the budget of the Education, Audiovisual and Culture Executive Agency (now European Education and Culture Executive Agency) (EACEA) for the financial year 2020

EUROPEAN PARLIAMENT 2022–2023 SESSION Sittings of 27.4.2022 to 4.5.2022

Cliceáil ar an nasc sin chun teacht ar liosta de na doiciméid uile a bhaineann leis an seisiún sin.


Session EP_2021-09-13

? Share

**European Parliament part-session**

EUROPEAN PARLIAMENT 2021–2022 SESSION Sittings of 13.9.2021 to 16.9.2021

Expand all Collapse all

Sort by OJ Structure

Official Journal C- IV Notices

| | Official Journal date of publication |
|---|---|
| Minutes of the sitting of 16 September 2021 | 24 May 2022 |
| Minutes of the sitting of 15 September 2021 | 24 May 2022 |
| Minutes of the sitting of 14 September 2021 | 24 May 2022 |
| Minutes of the sitting of 13 September 2021 | 24 May 2022 |


See other European Parliament sessions


# Radharc laethúil ar an Iris Oifigiúil

Tá leathanach ar leith ag sraith L agus sraith C den Iris Oifigiúil araon, ar a dtugtar ‘radharc laethúil’, ar a gcuirtear forléargas ar fáil de na hIrisí Oifigiúla a foilsíodh ar lá ar leith.
Tá roinnt bealaí ann chun rochtain a fháil ar na leathanaigh seo.
Ar an leathanach baile, i mbosca na hIrise Oifigiúla, cliceáil ar na naisc ‘Sraith IO L’ nó ‘Sraith IO C’.




Ar an leathanach ‘An Iris Oifigiúil a rochtain’, cliceáil ar cheann de na naisc ‘Taispeáin gníomhartha’.







Ar na leathanaigh seo a leanas bain úsáid as an roghchlár ar thaobh na láimhe clé: ‘An Iris Oifigiúil a rochtain’, ‘Radharc laethúil ar shraith L den Iris Oifigiúil’, ‘Radharc laethúil ar shraith C den Iris Oifigiúil’, ‘Féach tríd an Iris Oifigiúil’, ‘Eagráin chlóite atá ceangailteach ó thaobh dlí’ agus ‘Eagráin speisialta’.





Ar an leathanach ‘radharc laethúil’ tugtar rochtain ar na hIrisí Oifigiúla ó dháta ar leith.
Is féidir na hIrisí Oifigiúla a shórtáil in ord ardaitheach nó íslitheach trí úsáid a bhaint as critéir éagsúla:

- de réir struchtúr IO, is é sin an radharc réamhshocraithe ar macasamhail é de struchtúr agus leagan amach chlár ábhair na n-eagrán den Iris Oifigiúil a tháinig roimhe;
- re réir uimhir IO;
- de réir am a foilsithe.




Chun Iris Oifigiúil a fheiceáil, cliceáil ar a teideal.
Chun an radharc laethúil a thaispeáint le haghaidh dáta eile, cliceáil ar an deilbhín in aice leis an dáta agus ansin cliceáil ar an dáta is rogha leat.



¥ Expand all ≈ Collapse all

Sort by | OJ structure

an tAontas
Eorpach

EUR-Lex

Rochtain ar dhlí an Aontais Eorpaigh

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Eagráin Speisialta

Nuair a thagann tír isteach san Aontas Eorpach, déantar reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm tráth an aontachais (an 'acquis') a aistriú go teanga oifigiúil na tíre sin agus tiomsaítear í in 'Eagráin Speisialta Iris Oifigiúil an Aontais'.
Déantar na gníomhartha a fhoilsítear sna heagráin speisialta a ghrúpáil in imleabhair de réir ord a bhfoilsithe agus liostaítear iad i 20 caibidil a fhreagraíonn do na caibidlí san Eolaire ar ghníomhartha dlí.
Chun Eagráin Speisialta a aimsiú:

- Oscail an leathanach 'Rochtain dhíreach' agus cliceáil ar **Eagrán Speisialta** sa roghchlár ar chlé.
- Roghnaigh teanga an Bhallstáit nua.

Taispeántar crann aicmiúcháin, agus an bhliain a chuaigh an tír isteach san Aontas ag a bharr:

- Leanann na chéad trí leibhéal na caibidlí san Eolaire ar ghníomhartha dlí.
- Léiríonn an dara leibhéal imleabhair an eagráin speisialta.
- Nuair a chliceálann tú ar imleabhar ar leith, léirítear an Iris Oifigiúil lena mbaineann.

# Barántúlacht leagain leictreonaigh den IO a fhíorú

**Amhail ón 1 Iúil 2013 is é an leagan leictreonach d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IO), agus an leagan sin amháin, atá barántúil agus ag a mbeidh éifeachtaí dlí** (féach Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 ón gComhairle).

**Ní bheidh stádas dlí a thuilleadh ag an leagan páipéir**, seachas sa chás nach féidir leagan leictreonach den IO a fhoilsiú, toisc gur cuireadh isteach gan choinne agus go heisceachtúil ar chórais ríomhaireachta Oifig na bhFoilseachán. Leaganacha páipéir den IO a aimsiú ag a bhfuil éifeacht dlí.

Tá síniú leictreonach ar an leagan leictreonach den Iris Oifigiúil a chinntíonn barántúlacht, sláine agus neamh-inathraitheacht an leagain leictreonaigh.

## Conas barántúlacht a fhíorú

— Is féidir síniú leictreonach agus barántúlacht an leagain leictreonaigh den IO a sheiceáil leis an bhfeidhmchlár CheckLex nó aon fheidhmchlár fíoraithe tríú páirtí a chomhlíonann na caighdeáin atá leagtha síos. Má éiríonn leis an bhfíorú, féadfaidh tú a bheith deimhin den mhéid seo a leanas:

- gur leagan barántúil an leagan leictreonach;
- nach ndearnadh athrú air ó uair a shínithe.

Is gá na céimeanna seo a leanas a dhéanamh chun fíorú a dhéanamh:

- Íoslódáil leagan PDF den IO leictreonach agus a chomhad síniúcháin
- Sábháil ar do ríomhaire nó ar do ghléas iad
- Uaslódáil an 2 chomhad chuig CheckLex trí na cnaipí Roghnaigh doiciméad agus Roghnaigh an síniú gaolmhar a chliceáil. Déan cinnte de go bhfuil an péire ceart comhad á uaslódáil agat nó teipfidh ar an bhfíorú.
- Cliceáil an cnaipe Fíoraigh Síniú. Ní thógfaidh an fíorú ach cúpla soicind.

Má theipeann ar an bhfíorú tiocfaidh fógra earráide aníos a chuirfidh in iúl duit cén fáth nár éirigh leis.
— I gcásanna áirithe, nuair nach dtaispeántar aon síniú leictreonach mar chomhad ar leith, is mar chuid den chomhad PDF é an síniú go díreach. Sna cásanna sin, is féidir fíorú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as aon fheidhmchlár fíoraithe tríú páirtí a chomhlíonann na caighdeáin atá leagtha síos.
Tuilleadh eolais faoi na nithe seo:

- CheckLex – ar an leathanach Maidir le CheckLex agus sna Ceisteanna Coitianta .
- An beartas maidir le sínithe a úsáideann Oifig na bhFoilseachán don leagan leictreonach den IO.
- Na deimhnithe cáilithe ar a bhfuil na ríomhshínithe bunaithe.

# Ábhar EUR-Lex a athúsáid

Is féidir na sonraí atá in EUR-Lex a athúsáid saor in aisce chomh fada is nach sáraítear na coinníollacha cóipchirt lena mbaineann.
Tá bealaí éagsúla ann chun ábhar a chuardach agus a aisghabháil lena athúsáid.

## Seirbhís gréasáin

Más úsáideoir cláraithe thú, is féidir leat cuardach a dhéanamh go díreach ar EUR-Lex trí sheirbhísí gréasáin a úsáid. Tá na roghanna cuardaigh cosúil leo siúd atá le fáil faoin 'sainchuardach'. Is i bhformáid XML a chuireann siad na sonraí ar fáil. Tuilleadh eolais maidir leis an dóigh chun na seirbhísí gréasáin a úsáid.

## Bulc-íoslódálacha

### Data dump

A bhuí le 'data dump', faoi láthair is féidir leat na gníomhartha dlí go léir (Rannán 3 de CELEX) atá i bhfeidhm a bhulc-íoslódáil de réir teanga.
Beidh cuntas EU Login ag teastáil uait chun teacht ar 'data dump'.
datadump.publications.europa.eu

### data.europa.eu

Is é data.europa.eu an tairseach oifigiúil le haghaidh sonraí Eorpacha, ar ar féidir leat liosta d' Irisí Oifigiúla (sraitheanna L agus C) a fhoilsítear in aghaidh na bliana (ó 2004 ar aghaidh) a íoslódáil de réir teanga. Is féidir an liosta a íoslódáil i bhformáid csv agus tá nasc ann chuig gach Iris Oifigiúil i bhformáid XML Formex.
data.europa.eu

## Dír-rochtain ar bhunachar sonraí EUR-Lex

Má theastaíonn uait sonraí a phróiseáil ar bhealach níos mionsonraithe, is féidir leat an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Fógraí a iarraidh trí **fhothaí RSS** an bhunachair sonraí – chun fógra a fháil maidir le gach aon athrú. Is féidir go gcruthóidh na fothaí sin líon ollmhór fógraí (na milliúin díobh in aghaidh an lae).
2. Dír-rochtain ar do rogha inneachair agus meiteashonraí sa bhunachar sonraí tríd an g **comhéadan REST**.

## Stóras sonraí

Is ón stóras coiteann meiteashonraí agus inneachair (Cellar) a aisghabhtar an t-eolas a thaispeántar in EUR-Lex. Tá Cellar bunaithe ar theicneolaíochtaí séimeantacha, creat a bhfuil roinnt caighdeán ann.
Níl na sonraí in Cellar teoranta do na doiciméid dhlíthiúla ná don fhaisnéis a fhoilsítear in EUR-Lex, ach tá foilseacháin eile de chuid an Aontais Eorpaigh (leabhair, bileoga, etc.) ann chomh maith. Is féidir teacht go díreach ar na sonraí atá á stóráil in Cellar trí chríochphointe SPARQL agus trí chomhéadan feidhmchláir (API) RESTful.
Trí úsáid a bhaint as **críochphointe SPARQL** is féidir leat na meiteashonraí uile in Cellar a chuardach, gach gaol idir na heintitis éagsúla san áireamh. Trí úsáid a bhaint as **API RESTful** is féidir tacair shonracha meiteashonraí (ar a dtugtar 'fógraí' go minic) a aisghabháil agus comhaid ábhair an doiciméid a íoslódáil. Tá an dá rogha sin ar fáil i bhformáidí éagsúla (PDF, HTML, Formex, etc.).
Is féidir teacht ar eolas breise agus ar an lámhleabhar úsáideora is déanaí, ina bhfuil eolas ar Cellar agus ar a API RESTful, ar shuíomh gréasáin Cellar . Is féidir na meiteashonraí in Cellar a chuardach tríd an gcríochphointe SPARQL .

## Samhail sonraí

Tá sainmhíniú ar struchtúr na sonraí in Cellar le fáil sa tSamhail Choiteann Sonraí (CDM), rud atá bunaithe ar theicneolaíochtaí séimeantacha, cuir i gcás RDF Schema agus OWL. Tá an leagan reatha den CDM, mar aon le seanleaganacha de, le fáil ar shuíomh gréasáin EU Vocabularies .
Ar shuíomh gréasáin EU Vocabularies tá sainmhíniú ar an ointeolaíocht agus sainmhínithe le haghaidh na bhfoclóiríní rialaithe, na dtacsanomaíochtaí agus na dteasáras a úsáideann Cellar.
Go sonrach, cuirtear ar fáil ar shuíomh gréasáin EU Vocabularies na táblaí údaráis éagsúla a úsáidtear i luachanna meiteashonraí chun tagairt a dhéanamh d'eintitis nó do choincheapa ar leith, mar shampla comhlacht corpraithe, conradh, tír nó teanga.

## Formáidí doiciméid

Is i bhformáidí caighdeánacha éagsúla, má bhíonn a leithéid ar fáil, a sholáthraítear na doiciméid ar Cellar agus in EUR-Lex: PDF, HTML, XHTML, etc.

Sciar mór de na doiciméid atá ar fáil in Cellar agus in EUR-Lex, go háirithe iad sin a foilsíodh san Iris Oifigiúil, tá siad ar fáil i bhformáid shonrach XML darb ainm Formex chomh maith. Tá tuilleadh eolais maidir leis an bhformáid sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Formex .

## Doiciméid EUR-Lex a aisghabháil i bhformáid struchtúrtha atá inléite ag meaisín

Cuireann EUR-Lex roinnt modhanna ar fáil chun ábhar a asbhaint as doiciméid atá ar fáil ar an suíomh gréasáin i bhformáidí struchtúrtha atá inléite ag meaisín. Tá tuilleadh eolais le fáil faoi na modhanna sin sa doiciméad Formáidí asbhainte atá inléite ag meaisín.
I gcás méideanna móra sonraí, bain úsáid as ceann de na seirbhísí íoslódála ollsonraí, Dír-rochtain ar API CELLAR nó Data Dump .

### Nasc úsáideach

Modheolaíocht na hanailíse dlíthiúla (LAM)
Léiríonn sé sin saineolas Oifig na bhFoilseachán maidir le catalógú ghníomhartha dlí an Aontais a foilsíodh san Iris Oifigiúil agus in EUR-Lex. Déanann sé cur síos ar bhrí na meiteashonraí a bhaineann leis na gníomhartha sin agus ar an úsáid a bhaintear as na meiteashonraí.

Is sliocht ón suíomh gréasáin EUR-Lex atá sa doiciméad seo

# Seirbhís gréasáin

Is uirlis atá i seirbhís gréasáin EUR-Lex do na húsáideoirí cláraithe chun cuardach a dhéanamh go díreach in EUR-Lex, gan gá le cuardach ar an suíomh gréasáin féin.
Is roghanna cuardaigh cosúil le roghanna an tsainchuardaigh a fhaightear iontu, agus cuirtear na sonraí a iarrtar ar fáil i bhformáid XML. Aon chuardach a dhéantar ar an suíomh gréasáin, is féidir sin a dhéanamh tríd an tseirbhís gréasáin chomh maith, cuardach ar théacs iomlán san áireamh. Is ar an bprótacal SOAP atá an tseirbhís gréasáin sin bunaithe agus bíonn an tseirbhís ar fáil saor in aisce tar éis duit clárú.
Cé go bhféadfar cuardach a dhéanamh leis an tseirbhís gréasáin laistigh de théacs na ndoiciméad féin, ní fhéadfar í a úsáid chun na comhaid doiciméad a íoslódáil go díreach. Féadfar aitheantóirí na ndoiciméad a úsáid chun iad sin a íoslódáil, trí chomhéadan feidhmchláir (API) RESTful de chuid Cellar, nó trí URL a chruthú mar a dhéantar cur síos air inár dtreoirlínte le haghaidh naisc chobhsaí.
Má tá bealach níos simplí uait chun an t-eolas is déanaí a fháil, is féidir clárú le haghaidh fothaí RSS – leaganacha réamhshainithe nó oiriúnaithe.

## Clárúchán

Conas clárú do sheirbhís gréasáin:

1. Cliceáil Clárú do sheirbhísí gréasáin.
2. Cliceáil **Cláraigh** mura bhfuil cuntas EU Login agat.
3. A luaithe do chuntas cruthaithe agat, cliceáil **Sínigh isteach**. Tuilleadh eolais faoi conas cuntas a chlárú ar EUR-Lex.
4. Cliceáil **Cláraigh** agus líon an fhoirm chlárúcháin (féach an tábla thíos).
5. Cliceáil **Sábháil** chun an fhoirm a sheoladh chugainn.
6. Má tá gach rud i gceart, seolfar ríomhphost chugat ina sonraítear do chearta rochtana.

## Eolas le cur san fhoirm

| | |
|---|---|
| Sonraí arna n-úsáid | Sonraí is mian leat a fháil ón tseirbhís gréasáin le go mbainfí úsáid astu arís |
| Úsáid deiridh na sonraí | Cad a dhéanfaidh tú leis na sonraí |
| Líon uasta na nglaonna in aghaidh an lae | Líon uasta na nglaonna in aghaidh an lae |
| Nótaí | Barúlacha breise |
| Ainm úsáideora | D'ainm úsáideora (agus é réamhlíonta – i mód 'inléite amháin') |
| Sloinne | Do shloinne |
| Céadainm | Do chéadainm |
| Seoladh ríomhphoist | Do sheoladh ríomhphoist |
| Ainm | Ainm d'eagraíochta |
| Tír | An tír ina bhfuil d'eagraíocht lonnaithe |
| Toilím cloí le coinníollacha úsáide EUR-Lex mar atá leagtha amach san fhógra dlíthiúil | Glacann tú le téarmaí úsáide na seirbhísí gréasáin |

## An tseirbhís gréasáin a úsáid

Beidh tú in ann do sheirbhís gréasáin a úsáid a luaithe a gheobhaidh tú an ríomhphost lena dtugtar an rochtain chuige sin duit:

- Cliceáil Clárú do sheirbhísí gréasáin.
- San eolas a fheicfidh tú beidh **nasc** chuig an WSDL don tseirbhís gréasáin – beidh ort URL an WSDL a chur ar fáil don fheidhmchlár atá á úsáid agat le EUR-Lex a chuardach.
- Glaoigh ar an tseirbhís gréasáin, agus bain úsáid as an ainm úsáideora agus an pasfhocal a sheolamar chugat sa ríomhphost. Beidh ort na sonraí seo a leanas a shonrú:
  - do chuardach, scríofa mar shainchuardach. Féadfar clásal **ROGHNAIGH** a chur ann chun na meiteashonraí atá le taispeáint a roghnú, mar aon le clásal **DE RÉIR** chun an t-ord sórtála a shainiú. Is féidir leat an teimpléad seirbhísí gréasáin a úsáid freisin.
  - an teanga
  - uimhir an leathanaigh
  - líon na dtorthaí in aghaidh an leathanaigh
- I liosta na dtorthaí beidh na meiteashonraí a roghnaigh tú, le haghaidh gach doiciméid. Más rud é nár roghnaigh tú aon mheiteashonraí anseo, úsáidtear do phróifíl taispeána a sainíodh i do chuid sainroghanna cuardaigh.
- Ón 1 Eanáir 2026, beidh líon na dtorthaí a chuirfear ar ais trí aon chuardach amháin teoranta do 10,000. Tá roinnt samplaí agus bealaí curtha le chéile againn chun an leas is fearr is féidir a bhaint as do chuardaigh. Is féidir leat tacaíocht theicniúil a fháil freisin ach teagmháil a dhéanamh le seirbhísí Dheasc Chabhrach EUR-Lex. I gcás méideanna móra sonraí a úsáideann ceann de na seirbhísí íoslódála ollsonraí amhail Rochtain dhíreach ar API CELLAR nó ar Data Dump.

## Teimpléad seirbhísí gréasáin

A luaithe a thugtar rochtain duit ar an tseirbhís gréasáin, is féidir leat teimpléad speisialta XML a fháil le húsáid i ngach cuardach:

1. Sínigh isteach agus déan cuardach (cuardach tapa, cuardach casta nó sainchuardach).
2. Cliceáil ar an deilbhín seirbhísí gréasáin ar bharr liosta na dtorthaí.
3. Osclófar fuinneog nua agus beidh an cuardach leagtha amach i bhfoirm struchtúrtha agus tabharfar treoracha faoin tslí lena húsáid i nglao ar sheirbhís gréasáin.

Is féidir leat an teimpléad sin a chóipeáil agus é a úsáid i ngach glao ar sheirbhísí gréasáin ina dhiaidh sin.

## Teorainneacha seirbhísí gréasáin a athrú

Tá teorainn le huaslíon na nglaonna ar sheirbhísí gréasáin in aghaidh an lae. Leis na teorainneacha sin a athrú, oscail leathanach na seirbhísí gréasáin agus cliceáil ar an nasc leis na teorainneacha a athrú.
Cuirfimid scéala chugat faoi na teorainneacha nua (más ann dóibh) ar ríomhphost.

## Díliostáil

Chun díchlárú ó sheirbhísí gréasáin, oscail leathanach na seirbhísí gréasáin agus cliceáil ar an nasc chun díchlárú.
Tabhair cúiseanna leis an díchlárú agus ansin cliceáil **Díliostáil**.
Cuirfear do rochtain ar sheirbhísí gréasáin ar ceal agus déanfar do phasfhocal a dhíghníomhachtú.

## Eolas breise maidir le seirbhísí gréasáin (i mBéarla amháin)

- Cuardach a dhéanamh i lámhleabhar úsáideora na seirbhísí gréasáin
- Sonraí a asbhaint trí sheirbhísí gréasáin a úsáid
- Meiteashonraí na gcuardach seirbhísí gréasáin

Má tá ceisteanna agat is féidir dul i dteagmháil le EURLEX-HELPDESK@publications.europa.eu

# Naisc bhuana a chruthú

Is éard is nasc **buan** ann (ar a dtugtar nasc **cobhsaí** freisin) nasc nach n-athrófar le himeacht ama. Trí úsáid a bhaint as nasc buan, ráthaítear rochtain leanúnach ar an ábhar a dtreoraíonn an nasc chuige.
Tá roinnt bealaí ann chun naisc bhuana chuig ábhar EUR-Lex a chruthú. Agus na naisc á gcruthú agat, déan a chinntiú go n-urramóidh tú fógra cóipchirt EUR-Lex.
Féadfaidh tú nasc buan a chruthú chuig:

- leathanach ar an suíomh gréasáin i leagan teanga ar leith
- eagrán speisialta d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO)
- doiciméad sonrach trí úsáid a bhaint as sainaitheantóir.

I gcás leaganacha teanga ar leith, úsáidtear na cóid teanga seo a leanas:
/* Center the text in columns 2 through 13 in the table */ .table-striped th:nth-child(n+2), .table-striped td:nth-child(n+2) { text-align: center; }

| Teanga | Bulgáiris | Cróitis | Seicis | Danmhairgis | Ollainnis | Béarla | Eastóinis | Fionlainnis | Fraincis |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cód dhá litir | bg | hr | cs | da | nl | ga | et | fi | fr |
| Cód trí litir | BUL | HRV | CES | DAN | NLD | BÉARLA | EST | FIN | FRA |

/* Center the text in columns 2 through 13 in the table */ .table-striped th:nth-child(n+2), .table-striped td:nth-child(n+2) { text-align: center; }

| Teanga | Gaeilge | Iodáilis | Laitvis | Liotuáinis | Máltais | Polainnis | Portaingéilis | Rómáinis | Slóvaicis |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cód dhá litir | ga | it | lv | lt | mt | pl | pt | ro | sk |
| | | | | | | | | | |

| Cód trí litir | GLE | ITA | LAV | LIT | MLT | RMB | RJN | RON | SLK |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

Chun nascadh le leathanach i dteanga ar leith, cuir isteach ceann de na cóid teanga dhá litir thíos tar éis **'locale='** sa nasc.
Struchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/{*ainm an leathanaigh*}.html?locale={*cód teanga dhá litir*}
Samplaí:

- Nasc chuig leathanach bailiúcháin i nDanmhairgis: https://eur-lex.europa.eu/collection/eu-law/consleg.html?**locale=da**
- Nasc chuig leathanach dír-rochtana na hIrise Oifigiúla i mBéarla: https://eur-lex.europa.eu/oj/direct-access.html?**locale=en**

Amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2023, tá Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (an Iris Oifigiúil) á foilsiú de réir gnímh. Dá thoradh sin, tá naisc bhuana éagsúla ann do na hIrisí Oifigiúla a foilsíodh roimh an dáta sin agus do na hIrisí Oifigiúla a foilsíodh tar éis an dáta sin.
Tá na codanna seo a leanas san áireamh sna naisc bhuana chuig eagráin shonracha den Iris Oifigiúil:

- bliain: 4 dhigit *{bliain}*
- Uimhir IO: 3 dhigit *{xxx}* le haghaidh na n-eagrán den IO sular foilsíodh de réir gnímh iad, agus 5 dhigit *{xxxxx}* le haghaidh na n-eagrán den IO ó cuireadh tús lena bhfoilsiú de réir gnímh
- Sraith na hIrise Oifigiúla: Ceannlitir, e.g. L nó C
- uimhir leathanaigh le haghaidh na n-eagán den IO sular foilsíodh de réir gnímh iad: 4 dhigit *{zzzz}*
- cód teanga dhá agus/nó trí litir.

Ag brath ar an gcineál doiciméid atá i gceist, is féidir leat naisc bhuana a chruthú chuig amhairc shonracha eile:

- ALL le haghaidh an amhairc 'Eolas an doiciméid', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=OJ:L_202401987
- HIS le haghaidh an amhairc 'Nós imeachta', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/HIS/?uri=uriserv:OJ.L_.2016.352.01.0018.01.ENG
- PIN le haghaidh an amhairc 'Nós imeachta inmheánach', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/PIN/?uri=OJ:L_202401987
- NIM le haghaidh an amhairc 'Trasuí náisiúnta', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/NIM/?uri=uriserv:OJ.L_.2000.327.01.0001.01.ENG
- LSU chun achoimre ar an reachtaíocht a fheiceáil san amharc 'Achoimre ar an doiciméad', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/LSU/?uri=uriserv:OJ.L_.2000.327.01.0001.01.ENG
- 

- CASE le haghaidh an amhairc 'Cáschomhad', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/CASE/?uri=OJ:C_202501396

## Naisc chuig IOnna a foilsíodh ón 1 Deireadh Fómhair 2023 ar aghaidh (Irisí Oifigiúla de réir gnímh)

- Struchtúr naisc chuig an amharc 'Téacs' den IO: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/?uri=OJ:*{sraith}*_*{bliain}{xxxxx}*
  Sampla: IO L 2024/1987:https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L_202401987
- Chun nasc chuig an amharc HTML de IO a fháil, cuir isteach 'HTML' i struchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/HTML/?uri=OJ:*{sraith}*_*{bliain}{xxxxx}*
  Sampla: IO L 2024/1987:https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401987
- Chun nasc chuig fógra XML den IO a fháil, cuir isteach 'XML' i struchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/XML/?uri=OJ:*{sraith}*_*{bliain}{xxxxx}*
  Sampla: IO L 2024/1987:https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/XML/?uri=OJ:L_202401987

## Naisc chuig IOnna a foilsíodh roimh an 1 Deireadh Fómhair 2023 (na hIrisí Oifigiúla sular foilsíodh de réir gnímh iad)

### Naisc chuig clár ábhar

- Struchtúr naisc chuig clár ábhar (amharc 'Téacs' den IO): https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/?uri=OJ:*{sraith}*:*{bliain}*:*{xxx}*:TOC
  Sampla: IO C 326/2015:https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:C:2015:326:TOC
- Chun nasc chuig an radharc HTML de chlár ábhar a fháil, cuir isteach 'HTML' i struchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/HTML/?uri=OJ:*{sraith}*:*{bliain}*:*{xxx}*:TOC
  Sampla: IO C 326/2015:https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:C:2015:326:TOC
- Chun nasc chuig an bhfógra XML de chlár ábhar a fháil, cuir isteach 'XML' i struchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/XML/?uri=OJ:*{sraith}*:*{bliain}*:*{xxx}*:TOC
  Sampla: IO C 326/2015:https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/XML/?uri=OJ:C:2015:326:TOC

### Naisc chuig gníomh ar leith a foilsíodh in Iris Oifigiúil

Struchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/?uri=uriserv:OJ.*{sraith}*_.*{bliain}*.*{xxx}*.01.*{zzzz}*.01.*{cód teanga trí litir}*
Sampla: naisc chuig doiciméad a foilsíodh in IO C 326/2015 a thosaíonn ar leathanach 12:

- Amharc 'téacs': https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv:OJ.C_.2015.326.01.0012.01.GLE
- Amharc PDF: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=uriserv:OJ.C_.2015.326.01.0012.01.GLE
- Amharc HTML: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=uriserv:OJ.C_.2015.326.01.0012.01.GLE
- Fógra XML den ghníomh: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/XML/?uri=uriserv:OJ.C_.2015.326.01.0012.01.GLE

## Uimhir CELEX

Chun a fháil amach conas uimhir CELEX a struchtúrú, féach leathanach cabhrach na n-uimhreacha CELEX.
Tabhair do d'aire go bhféadfadh suas le 2 lá a bheith ag teastáil le huimhir CELEX a chur ar fáil do dhoiciméid a foilsíodh le déanaí.
Struchtúr an naisc don amharc 'Téacs' ar fhógra doiciméid:
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/?uri=CELEX:*{uimhir na hearnála}{bliain}{tuairisceoir}{uimhir an doiciméid}*
Sampla: naisc chuig doiciméad arb í 32011R1007 an uimhir CELEX aige:

- Amharc 'téacs': https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32011R1007
- Amharc HTML, cuir 'HTML' isteach i struchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32011R1007
- Le haghaidh fhógra XML an ghnímh, cuir 'XML' isteach i struchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/XML/?uri=CELEX:32011R1007

Ag brath ar an gcineál doiciméid atá i gceist, is féidir leat naisc bhuana a chruthú chuig amhairc shonracha eile:

- ALL le haghaidh an amhairc 'Eolas an doiciméid', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=OJ:L_202401987
- HIS le haghaidh an amhairc 'Nós imeachta', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/HIS/?uri=CELEX:32016D2371
- PIN le haghaidh an amhairc 'Nós imeachta inmheánach', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/PIN/?uri=CELEX:32024R1987
- NIM le haghaidh an amhairc 'Trasuí náisiúnta', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/NIM/?uri=CELEX:32000L0060
- LSU chun achoimre ar an reachtaíocht a fheiceáil san amharc 'Achoimre ar an doiciméad', e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/LSU/?uri=CELEX:32000L0060

- SUM le haghaidh an amhairc ‘Achoimre’ don chásdlí, e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/SUM/?uri=CELEX:62017TJ0160
- CASE le haghaidh an amhairc ‘Cáschomhad’, e.g.: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/CASE/?uri=CELEX:62017TJ0160

## ELI

Is éard atá san Aitheantóir Reachtaíochta Eorpach (ELI) córas le reachtaíocht a chur ar fáil ar líne i bhformáid chaighdeánaithe sa chaoi is gur féidir rochtain a fháil uirthi agus í a mhalartú agus a athúsáid thar theorainneacha. Is féidir é a úsáid le haghaidh reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta na mBallstát.
Tuilleadh eolais faoin ELI.
Bunstruchtúr an naisc: http://data.europa.eu/eli/*{cineál doiciméid}*/*{bliain}*/*{uimhir nádúrtha}*/oj
Má bhaineann tú ‘oj’ den struchtúr URI, rachaidh an nasc chuig an **leagan comhdhlúite** is déanaí den ghníomh más ann do leagan den sórt sin, mar shampla http://data.europa.eu/eli/dec/2009/496 . Má rinneadh roinnt leasuithe le déanaí nach bhfuil comhdhlúthaithe go fóill, taispeánfaidh sé liosta torthaí agus an leagan comhdhlúite is déanaí agus na leasuithe neamh-chomhdhlúite araon ann.
Cé go bhfuil an fearann **data.europa.eu** sa nasc, is doiciméad nó toradh cuardaigh ó shuíomh gréasáin EUR-Lex a bheidh sa leathanach a chuirfear ar ais.
Chun an cineál doiciméid a chur san áireamh i nasc ELI, bain úsáid as an struchtúr URI seo a leanas:
http://data.europa.eu/eli/*{cineál doiciméid}*/*{bliain}*/*{uimhir nádúrtha}*/oj/
Samplaí:

- Treoracha (dir nó dir_impl nó dir_del): http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj
- Rialacháin (reg nó reg_impl nó reg_del): http://data.europa.eu/eli/reg/2013/216/oj
- Cinntí (cineál doiciméid dec nó dec_impl nó dec_del): http://data.europa.eu/eli/dec/2009/496/oj

Chun teanga agus/nó formáid doiciméid a chur san áireamh i nasc ELI, bain úsáid as an struchtúr URI seo a leanas:
http://data.europa.eu/eli/*{cineál doiciméid}*/*{bliain}*/*{uimhir nádúrtha}*/oj/*{cód teanga trí litir}*/*{formáid}*
Samplaí:

- Leagan téacs Iodáilise: https://data.europa.eu/eli/reg/2013/666/oj/ita
- Leagan HTML Ungáirise: https://data.europa.eu/eli/reg/2011/327/oj/hun/html
- Leagan PDF Ollainnise: https://data.europa.eu/eli/reg/2024/1834/oj/nld/pdf

Tá go leor féidearthachtaí eile ar fáil faoin gcóras ELI, ina measc sin an rogha chun naisc a dhéanamh chuig liosta de dhoiciméid a chomhlíonann critéir roghnaithe. Eolas mionsonraithe faoi URInna reachtaíocht an Aontais Eorpaigh faoin gcóras ELI

## Aitheantóir_ECLI

Is aitheantóir 5 chuid é an tAitheantóir Cásdlí Eorpaigh (ECLI) le haghaidh chásdlí an Aontais agus an chásdlí náisiúnta.
Tá struchtúr an naisc ECLI cosúil le naisc EUR-Lex eile.

- Amharc 'téacs': https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?uri=ecli:ECLI:EU:C:2016:718
- Amharc HTML: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/SL/TXT/HTML/?uri=ecli:ECLI:EU:C:2016:718
- Fógra XML: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/XML/?uri=ecli:ECLI:EU:F:2016:177

Tuilleadh eolais faoi conas aitheantóir ECLI a chur le chéile.

## Cineálacha eile aitheantóirí

Tá roinnt doiciméid dhlíthiúla nó nósanna imeachta ar EUR-Lex a bhfuil sainaitheantóirí acu a shannann an institiúid a chruthaigh na doiciméid dóibh (murab ionann agus an uimhir CELEX, rud a shannann Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh). Mar gheall air sin, cé gur féidir patrúin a shainaithint ina naisc, leanann seicheamh agus loighic na n-uimhreacha tagartha féin rialacha na hinstitiúide arb í údar an doiciméid í.
Déantar cur síos ar roinnt samplaí thíos.

### Doiciméid ullmhúcháin arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach

Is ar uimhir an doiciméid féin atá na naisc chuig doiciméid ullmhúcháin fhoilsithe (doiciméid COM, JOIN, SWD, SEC) bunaithe. Sna laethanta beaga tar éis fhoilsiú na ndoiciméad ullmhúcháin, sanntar aitheantóir CELEX dóibh ach bíonn teacht i gcónaí ar na doiciméid sin leis na naisc atá bunaithe ar uimhir na ndoiciméad.
Bunstruchtúir an naisc le haghaidh amharc 'Téacs':

- https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/?uri=*{cineál doiciméid ullmhúcháin}*:*{bliain}*:*{uimhir an doiciméid}*:FIN
- https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/?uri=*{cineál doiciméid ullmhúcháin}*:*{bliain}*:*{uimhir an doiciméid}*:REV1
- https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/?uri=CELEX:*{uimhir na hearnála}{bliain}{tuairisceoir}{uimhir an doiciméid}*

Samplaí:
COM(2024) 139 final:
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM:2024:139:FIN
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52024PC0139
COM(2024) 139 final/2:
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM:2024:139:REV1
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52024PC0139R(01)

JOIN(2015) 10 críochnaitheach:
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=JOIN:2015:10:FIN
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52015JC0010

SWD(2024) 106 final:
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=SWD:2024:106:FIN
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52024SC0106

SWD(2024) 106 final/2:
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=SWD:2024:106:REV1
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52024SC0106R(01)

SEC(2014) 184 final:
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=SEC:2024:184:FIN
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52024SC0184

### Doiciméid arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh

Tá struchtúr an naisc bunaithe ar an uimhir atá sannta ag an gComhairle dó agus is féidir formáidí éagsúla a bheith aige, de réir chineál an doiciméid:

- Doiciméid de chuid na Comhairle arna gcur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle lena síniú
  Bunstruchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/ALL/?uri=consil:PE_:*{uimhir an doiciméid}*_*{bliain}*_REV_1
  Sampla: PE 45 2016 REV 1 - 2016/0197 (OLP): https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=consil:PE_45_2016_REV_1
- Doiciméid de chuid na Comhairle atá ina gcuid de shaolré na nósanna imeachta (toradh vótála atá sa sampla seo)
  Bunstruchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/ALL/?uri=consil:ST_:*{uimhir an doiciméid}*_*{bliain}*_INIT
  Sampla: ST 15454 2016 INIT - 2016/0197 (OLP): https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=consil:ST_15454_2016_INIT

### An nós imeachta idirinstitiúideach

Is ar thagairtí na nósanna imeachta (bliain agus uimhir) i ndiaidh an chóid teanga atá na naisc le haghaidh nósanna imeachta idirinstitiúideacha bunaithe.
Bunstruchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/procedure/*{cód teanga dhá litir}*/*{bliain}*_*{uimhir an nós imeachta}*
Samplaí:

- Nós imeachta 2015/0906/COD: https://eur-lex.europa.eu/procedure/GA/2015_906
- Fógra XML Nós imeachta 2015/0906/COD: https://eur-lex.europa.eu/download-notice.html?legalContentId=procedure:2015_906&noticeType=tree&callingUrl=/procedure/GA/2015_906&lng=GA
- Nós imeachta 2024/0006/COD: https://eur-lex.europa.eu/procedure/GA/2024_6
- Fógra XML Nós imeachta 2024/0006/COD: https://eur-lex.europa.eu/download-notice.html?legalContentId=procedure:2024_6&noticeType=tree&callingUrl=/procedure/GA/2024_6&lng=GA

### Nós imeachta inmheánach an Choimisiúin

Bunstruchtúr an naisc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/*{cód teanga dhá litir}*/TXT/?uri=PI_COM:Ares(*{bliain}*)*{uimhir Ares}*
Samplaí:

- Cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=PI_COM:Ares(2016)6176893
- Rialachán cur chun feidhme ón gCoimisiún: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=PI_COM:Ares(2017)291701

## Naisc sheachtracha

Tá roinnt doiciméad ann nach féidir teacht orthu ach trí naisc chuig suíomhanna gréasáin eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Níl aon smacht ag EUR-Lex ar na naisc sin.